

# Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Átha Cliath

## Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite
## Don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2025

Glanbharrachas (roimh ghnóthachain neamhréadaithe) de **€17.3 milliún**

Tháinig méadú **€45.7 milliún (8.4%)** ar ioncam

Tháinig méadú **€39.5 milliún (7.8%) ar chostais oibriúcháin**

Tháinig méadú **€15.0 milliún (7.2%)** ar tháillí acadúla

B'ionann an méadú ar ioncam taighde agus **€10.2 milliún (8.2%)**

Tá leachtacht mhaith ag an Ollscoil i gcónaí i ndáil le hairgead tirim deiridh (lena n-áirítear taiscí gearrthéarmacha) de **€206.5 milliún**

**Fás láidir leanúnach** sa Chiste Dearlaice in 2025, le toradh infheistíochta de **8.4%**

Ba mhaith le Coláiste na Tríonóide a bheith ina **hOllscoil a thugann tús áite don aeráid**

Seoladh an Phlean Straitéisigh nua **Bláthú 2025-2030**

I gColáiste na Tríonóide, táimid ar an eolas faoin bhfreagracht atá orainn i dtaca le rath airgeadais na hOllscoile agus sábháilteacht a sócmhainní, d'fhonn iad a chosaint do na glúnta atá le teacht.

# Clár


| | Leathanach |
|---|---|
| Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais | **4 - 11** |
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird | **13** |
| Ráiteas maidir le Córais Rialaithe Inmheánaigh | **15 – 18** |
| Ráiteas maidir le Rialachas | **19 – 27** |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh chuig Bord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath, ar na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite | **29 - 31** |
| Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite | |
| Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hIoncam Cuimsitheach | **33** |
| Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hAthruithe sa Chúlchiste | **34** |
| Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir leis an Staid Airgeadais | **35** |
| Ráiteas Comhdhlúite maidir le Sreabhadh Airgid | **36** |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite | **37 – 72** |

Briseadh Leathanaigh





# Tuarascáil ón bPríomhoifigeach Airgeadais

**Is ionann ráitis airgeadais na hÉireann agus aistriúchán, chun críocha eolais, ar na bunráitis airgeadais reachtúla ISA (Éire) a ullmhaíodh i mBéarla.**



Táim an-sásta na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath (an Ollscoil, Coláiste na Tríonóide) a chur i láthair, mar a d'fhormheas an Bord iad an 25 Márta 2026.

Ar an iomlán, thuairiscigh an Ollscoil barrachas don bhliain dar luach €33.7m in 2024/25, i gcomparáid le barrachas €50.2m in 2023/24. Áirítear i dtorthaí 2024/25 gnóthachain ghlana neamhréadaithe €16.4m, a bhaineann go príomha le fás caipitil i luach shócmhainní Chiste Dearlaice na hOllscoile. Gan na gnóthachain ghlana neamhréadaithe sin a chur san áireamh, thaifead an Ollscoil agus a fochuideachtaí barrachas glan €17.3m in 2024/25, i gcomparáid le barrachas glan €15.4m sa bhliain roimhe sin.

Is suntasach an méadú €45.7m ar ioncam bliain ar bhliain, arna threorú go príomha ag méaduithe ar líon na mac léinn, ar mhaoiniú Stáit agus ioncam taighde, ar thabhartais agus ar infheistíocht. Mar sin féin, tháinig méadú suntasach ar chostais oibriúcháin freisin, atá suas €39.5m, agus a bhaineann den chuid is mó le costais foirne agus, go háirithe, le tionchar comhaontuithe pá náisiúnta. Tháinig méadú freisin ar ghlansócmhainní na hOllscoile sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais, mar gheall ar mhéaduithe ar luach sócmhainní seasta inláimhsithe, Chiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide agus sócmhainní infheistíochta eile.

Cuirtear na torthaí achoimre le haghaidh 2024/25 mar aon le comparáidí 5 bliana i láthair thíos.

**Tábla 1 - Achoimre ar Thorthaí**

| | 2025<br>€m | 2024<br>€m | 2023<br>€m | 2022<br>€m | 2021<br>€m |
|---|---|---|---|---|---|
| Deontais Stáit | 95.8 | 85.2 | 70.1 | 57.1 | 51.3 |
| Táillí acadúla | 224.5 | 209.5 | 198.7 | 185.8 | 164.9 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 133.9 | 123.7 | 125.9 | 115.2 | 105.3 |
| Ioncam eile | 93.9 | 88.4 | 77.0 | 66.4 | 44.6 |
| Ioncam ó infheistíocht * | 9.7 | 8.8 | 7.8 | 7.3 | 6.3 |
| Deonacháin agus dearlaicí | 31.4 | 27.9 | 23.9 | 18.9 | 31.3 |
| **Ioncam gan maoiniú iarchurtha do phinsin san áireamh** | **589.2** | **543.5** | **503.4** | **450.7** | **403.7** |
| Maoiniú iarchurtha do phinsin** | 97.3 | 107.0 | 93.6 | 104.5 | 85.7 |
| **Ioncam iomlán*** ** | **686.5** | **650.5** | **597.0** | **555.2** | **489.4** |
| Costais foirne | 393.8 | 361.5 | 336.9 | 313.8 | 291.6 |
| Caiteachas oibriúcháin eile | 149.4 | 142.2 | 139.0 | 123.4 | 99.4 |
| **Caiteachais oibriúcháin iomlána gan caiteachas pinsin agus úis eile san áireamh** | **543.2** | **503.7** | **475.9** | **437.2** | **391.0** |
| Caiteachas pinsin agus úis eile** | 97.3 | 107.0 | 93.6 | 104.5 | 85.7 |
| **Iomlán an chaiteachais oibriúcháin** | **640.5** | **610.7** | **569.5** | **541.7** | **476.7** |
| **EBITDA Tuilleamh roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh** | **46.0** | **39.8** | **27.5** | **13.5** | **12.7** |
| <u>Lúide:</u> | | | | | |
| Dímheas agus laige (glan ar amúchadh) | (25.5) | (23.7) | (22.5) | (20.2) | (20.0) |
| Glan-ús iníoctha | (3.2) | (0.7) | (3.9) | (5.0) | (5.6) |
| Cánachas | (0.0) | (0.0) | (0.0) | (0.0) | (0.1) |
| **Barrachas/(Easnamh) roimh ghnóthachain agus caillteanais eile** | **17.3** | **15.4** | **1.1** | **(11.7)** | **(13.0)** |
| <u>Móide:</u> | | | | | |
| (Caillteanas)/gnóthachan ar athluacháil maoine | (0.4) | (1.9) | (5.6) | 0.6 | 0.0 |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 16.8 | 0.0 |
| Gnóthachan/(caillteanas) ar infheistíochtaí | 16.8 | 36.7 | 8.4 | (5.9) | 33.7 |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | **33.7** | **50.2** | **3.9** | **(0.2)** | **20.7** |

* Ní chuirtear ioncam úis san áireamh san ioncam infheistíochta

** Tá ioncam agus costais pinsin iarchurtha san áireamh sna ráitis airgeadais ar iarratas ón Údarás um Ard-Oideachas chun cur chuige comhsheasmhach a chur ar fáil maidir le tuairisciú ar mhaithe le hinchomparáideacht níos fearr ar fud earnáil na n-ollscoileanna. Is sonraí comparáideacha 5 bliana iad na sonraí sa tábla thuas

*** Níl amúchadh deontas caipitil ná ús ar ioncam san áireamh san ioncam iomlán

## EBITDA

Is tomhas ar fheidhmíocht airgeadais oibríochtúil é tuilleamh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh (EBITDA). B'ionann EBITDA agus €46.0m in 2024/25, rud a léirigh méadú 15.6% i gcomparáid le EBITDA na bliana roimhe sin ag €39.8m.

## Ioncam

B'ionann ioncam comhdhlúite (gan amúchadh deontas caipitil, ioncam úis agus maoiniú iarchurtha do phinsin a chur san áireamh) de €589.2m (2023/24: €543.5m) agus méadú €45.7 m nó méadú 8.4 % i gcaitheamh na bliana.

**Méaduithe bliain ar bhliain ó gach foinse ioncaim**




### Táillí Acadúla agus Próifíl na Mac Léinn

Mhéadaigh Ioncam Iomlán ó Tháillí Acadúla go €224.5m, méadú €15.0m (7.2%) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tháinig méadú 2.6% ar líon iomlán na mac léinn agus 22,686 mac léinn anois ann (2023/24: 22,120). Is mic léinn neamh-AE iad 22.7% de dhaonra iomlán na mac léinn agus tagann 50% d'ioncam iomlán na dTáillí Acadúla ó na mic léinn sin. Tharla an méadú san ioncam ó tháillí den chuid is mó mar gheall ar ardú a bheith ar chlárúcháin fochéime agus iarchéime neamh-AE sa bhliain.

**Éileamh láidir i gcónaí ó mhic léinn neamh-AE**



### Ioncam Eile

Tháinig méadú €5.5m (6.2%) ar ioncam eile de €93.9m, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, arna spreagadh go príomha mar gheall ar mhéadú leanúnach in ioncaim tráchtála. Curtha san áireamh laistigh d'ioncam eile, tá €12.9m d'ioncam deontas stáit eile (2023/24: €12.6m) ón HEA €10.1m, Fiontraíocht Éireann €1.3m agus eile €1.5m.



**Méadú ar shruthanna ioncaim eile - mar ghné bharrthábhachtach de straitéis airgeadais Choláiste na Tríonóide**




### Deontas Stáit

Tháinig méadú €10.6m (12.4%) ar Ioncam Deontais Stáit €95.8m, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ba é méadú ar íocaíochtaí deontais lárnacha an HEA, i gcomhréir le méadú earnála de 9%, ba mhó a bhí mar chúis leis seo.

### Síntiúis agus Dearlaic

Mhéadaigh ioncam ó thabhartais agus dearlaicí go €31.4m, méadú €3.5m (12.5%) i gcaitheamh na bliana, go príomha mar gheall ar uainiú gealltanas, a mbíonn luaineacht iontu de réir a nádúir bliain ar bhliain.

## Caiteachas

B'ionann an caiteachas comhdhlúite iomlán (gan costais phinsin iarchurtha €97.3m a áireamh agus glan ó amúchadh deontas caipitil €7.6m agus ioncam úis €4.3m) don bhliain agus €571.9m (2023/24: €528.1m), méadú €43.8m (8.3%) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. B'ionann caiteachas comhdhlúite (gan dímheas, ús iníoctha ná costais phinsin iarchurtha a áireamh) agus €543.2m (2023/24: €503.7m), méadú €39.5m (7.8%) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.




Brú leanúnach aníos ar chaiteachas

**Foireann - Costais Oibriúcháin**

Tháinig méadú €32.3m (8.9%) ar chostais foirne €393.8m i gcaitheamh na bliana, agus is ionann sin agus 66.8% den ioncam iomlán (gan maoiniú iarchurtha do phinsin a áireamh) (2023/24: 66.5%). Tá an méadú ar chostais foirne á spreagadh mar gheall ar thionchar comhaontuithe pá náisiúnta, incrimintí bliantúla agus arduithe céime, mar aon le méadú ar líon na foirne coibhéise lánaimseartha (4.1% bliain ar bhliain).




Leantar ar aghaidh leis na treochtaí costais foirne ardaithe agus is príomhdhúshlán é boilsciú pá

**Neamhfhoireann – Costais Oibriúcháin**

Mhéadaigh costais oibriúcháin eile go €149.4m, méadú €7.2m nó 5.1%, go príomha mar gheall ar mhéadú ar ghníomhaíocht in éineacht le tionchar brú leanúnach boilscithe a bheith ar go leor catagóirí caiteachais. Tháinig méadú €5.7m ar chostais conarthaí seirbhíse, bhí costais trealaimh ríomhaireachta agus trealaimh eile €1.6m níos airde, agus tháinig méadú €1.3m ar chostais soilsithe agus teasa mar gheall ar luaineachtaí i bpraghsanna fóntais. Rinneadh na méaduithe sin a fhritháireamh le laghdú €2.3m ar chostais seirbhísí gairmiúla agus laghdú €1.4m ar chostais eile.




**Ba phríomhdhúshlán é dálaí an mhargaidh maidir le cuíchóiriú costais**

## Caiteachas Caipitil

Le linn 2024/25, d'infheistigh an Ollscoil €32.1m i gcaiteachas caipitil, i gcomparáid le €61.4m i gcaitheamh na bliana roimhe sin. Lean an Ollscoil i mbun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail bhonneagair, lena n-áirítear Ceárta Foghlama E3, Eispéireas Leabhar Cheanannais, Tionscadal Athfhorbartha na Sean-Leabharlainne (OLRP) agus Leabharlann Laidlaw (leabharlann dhigiteach ag Coláiste na Tríonóide Thoir). Críochnaíodh Tairseach / Mol Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide (ag Cé na Canálach Móire) le linn na bliana. Léiríonn scála na hinfheistíochta tiomantas leanúnach dár gcampas úrscothach do mhic léinn agus don fhoireann a fheabhsú agus a fhorbairt, agus i bpleananna forbartha amach anseo, tugtar tús áite i gcónaí d'fhás spriocdhírithe sna réimsí sin.




**Tiomantas leanúnach d'fhorbairt an champais le caiteachas carntha €223m ar Thionscadail Chaipitil thar 5 bliana**

## Iasachtaí

Tá fós a lán leachtachta ag an Ollscoil. B'ionann iarmhéideanna airgid agus taiscí gearrthéarmacha agus €206.5m amhail an 30 Meán Fómhair 2025 (2024: €220.8m). Tá polasaí cuimsitheach Bainistíochta Státchiste i bhfeidhm ag an Ollscoil, a ndéanann an Coiste Airgeadais athbhreithniú air go rialta chun a chinntiú go ndéantar riosca a laghdú.

Níor tarraingíodh anuas aon iasachtaí le linn na bliana agus b'ionann iasachtaí iomlána na hOllscoile agus €305.9m (gan léasanna airgeadais a áireamh) amhail an 30 Meán Fómhair 2025 (2024: €316.5m). Bhí an cóimheas giarála fiachais (lena n-áirítear léasanna airgeadais) ag 39% de shócmhainní glana, laghdú ón mbliain roimhe sin (42%).

Chomhlíon an Ollscoil a conarthaí iasachta go léir ag deireadh na bliana agus leagtar amach i dTábla 2 thíos fiachas na hOllscoile (iasachtaí agus léasanna airgeadais) mar chéatadán de ghlansócmhainní.

**Tábla 2 – Fiachas mar % de Ghlansócmhainní**

| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|---|
| Fiachas mar % de ghlansócmhainní | 40% | 47% | 46% | 42% | 39% |

## Deontais Taighde agus Conarthaí

Is ionann leibhéal an ioncaim taighde do 2024/25, mar a taifeadadh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (arna thomhas ar bhonn chaiteachas taighde le linn na bliana agus ní ar ioncam deontais a fuarthas), agus €133.9m, méadú €10.2m (8.2%) i gcomparáid le leibhéil na bliana roimhe sin. B'ionann luach na ndámhachtainí nua a fuarthas le linn na bliana agus €133m (2023/24: €166m), le laghduithe ar fud gach mórfhoinse maoinithe. Tá sé seo mar gheall ar phatrún neamhrialta na ndámhachtainí maoinithe taighde.

**Méadú ar Ioncam Taighde bliain ar bhliain**




Tá an ráta costas indíreach ar dhámhachtainí nua (17%), i gcomparáid le meánráta an Chostais Iomláin Eacnamaíoch (FEC) san earnáil de 75%, ina dhúshlán i gcónaí i dtaca le meicníochtaí tacaíochta taighde na hOllscoile agus na hearnála, agus is bearna maoinithe é seo a tharlaíonn gach bliain. De bharr gur cuid agus gné bhunúsach é seo i ndáil le sárthaighde a chumasú, ní mór aghaidh a thabhairt air seo d'fhonn inbhuanaitheacht airgeadais a bhaint amach.

## Ciste Dearlaice Choláiste na Tríonóide

Tá ról tábhachtach ag an gCiste Dearlaice i gcónaí chun tacú le hhinbhuanaitheacht airgeadais fhadtéarmach na hOllscoile. In 2024/25, gineadh ioncam €9.7m (2023/24: €8.8m) a thacóidh le cláir acadúla, Cathaoirleachtaí dearlaice agus duaiseanna do mhic léinn.

Le blianta beaga anuas, tá an Ciste ailínithe le prionsabail Comhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (ESG). Déantar an punann a athbhreithniú go rialta lena chinntiú go mbeadh sí éagsúlaithe go cuí i gcónaí ar fud sraith ceadaithe d'aicmí sócmhainní, le fócas leanúnach ar fhás fadtéarmach agus ar chobhsaíocht airgeadais.

Don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2025, sheachaid an Ciste toradh iomlán de 8.4% (glan ar tháillí bainistíochta). Mhéadaigh Glansócmhainní an Chiste Dearlaice go €324m (2023/24: €303m), rud a léiríonn feidhmíocht láidir an mhargaidh chothromais le linn na bliana.

Leanaimid orainn ag obair i ndlúthchomhar le bainisteoirí sócmhainní lena chinntiú go léiríonn an phunann luachanna Choláiste na Tríonóide agus go bhfuil sí ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus ag an am céanna ag comhlíonadh ár gcuspóirí infheistíochta agus ag cothabháil fócas ar thorthaí comhsheasmhacha a sheachadadh.

**Méadú €155m (92%) tagtha ar ghlansócmhainní Chiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide idir 2016 agus 2025**




## Soláthar

Rinne Soláthar bainistiú ar mheascán de thionscadail oibreacha caipitil, earraí agus seirbhísí le linn na bliana, agus cuireadh tús le agus/nó cuireadh i gcrích 118 tairiscint agus próiseas iomaíoch ar leith, méadú ó 111 in 2023/24. B'ionann luach iomlán na gconarthaí a bronnadh agus €88m.

In 2025, líonadh dhá phost bharrthábhachtacha i dtomhas agus tuairisciú ESG agus i mbainistíocht saoráidí, rud a thacóidh leis an Ollscoil a spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach, chomh maith le bealach a sholáthar chun Luach níos fearr ar Airgead a bhaint amach trí chlár nuashonraithe Bainistíochta Catagóirí. Rinneadh Straitéis Soláthair nua 2026-28 a cheadú ina ndírítear ar théamaí a bhaineann le Inbhuanaitheacht, Digitiú, Luach ar Airgead, Rialachas agus Riosca & Comhlíonadh.

## Tuairisciú Inbhuanaitheachta

Sheol Coláiste na Tríonóide a chéad Straitéis Inbhuanaitheachta in 2024 (le hamlíne 2023–30) agus “beidh an Coláiste ina ollscoil, ina áit, agus ina phobal ina rachfar i ngleic le hathrú aeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta ar bhealach atá iomlánaíoch, comhtháite agus dírithe ar shláinte, d’fhonn ár n-áit chónaithe phláinéadach a chosaint agus a athbhunú ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht”.

Tá an uaillmhian seo mar bhunchloch do Phlean Straitéiseach na hOllscoile 2025-30, Bláthú, agus leagtar amach sa Straitéis Inbhuanaitheachta trí sprioc straitéiseacha ardleibhéil: Coláiste Sláintiúil na Tríonóide faoi 2030, Nádúr-Dhearfach faoi 2030 agus Glanastaíochtaí Nialasacha faoi 2040. Tá na cuspóirí seo a leanas ag an sprioc maidir le Glanastaíochtaí Nialasacha:

- ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoi 2030 i gcomhréir leis na gealltanais faoin bPlean náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide
- neodracht a bhaint amach (i ngach catagóir astaíochtaí, ní hamháin ónár bhfoirgnimh) faoi 2040, mar thoradh ar phráinn na héigeandála aeráide agus na gníomhartha radacacha is gá dúinn go léir a dhéanamh
- a bheith inár gceannaire don earnáil, don chathair agus don tír

Choimisiúnaigh earnáil na nOllscoileanna tuarascáil ar Thuairisciú Inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm in 2025 agus, ag obair i gcomhar le hOifig an Leas-Uachtaráin don Bhithéagsúlacht agus don Ghníomhú ar son na hAeráide, táimid dírithe ar na córais agus na nósanna imeachta ábhartha a chur i bhfeidhm don chéad chlár píolótach Tuairiscithe maidir le ESG, agus tá plean forfheidhmithe ar siúl faoi láthair.

## Focal Scoir

I gcaitheamh bliana inar tháinig méadú leanúnach ar an éileamh atá ar oideachas agus ar thaighde Choláiste na Tríonóide, mar aon le téarnamh in ioncaim tráchtála agus ioncaim eile, is le mórtas a sheol an Ollscoil a Plean Straitéiseach nua 2025–2030 ‘Bláthú’, ina leagtar amach fís uaillmhianach atá bunaithe ar thrí théama lárnacha: Cuspóir, Daoine agus Áit, agus beidh sé bunaithe ar infheistíocht shuntasach i mbonneagar, i ndigitiú agus i dtionscnaimh inbhuanaitheachta.

Tá seasamh airgeadais láidir agus cobhsaí mar ghné bhunriachtanach i ndáil lenár gcuspóirí a bhaint amach, agus cé go leanann an Ollscoil ar aghaidh lena clár caipitil agus lena tionscadail straitéiseacha, is dúshlán fós é inbhuanaitheacht airgeadais fhadtéarmach a bhaint amach. Tá fáil leanúnach, intuartha agus tráthúil ar mhaoiniú Stáit ríthábhachtach chun tacú le misean Choláiste na Tríonóide agus chun seasamh an Choláiste mar ollscoil iomaíoch ar fud an domhain a choimeád. Cé go bhfuil brúnna boilscithe agus neamhchinnteachtaí domhanda níos leithne ann i gcónaí agus go bhfuiltear ag súil go leanfaidh siad ar aghaidh ar feadh na bliana 2026 agus ina dhiaidh sin, leanfaimid orainn i mbun faireachán agus bainistiú grinn a dhéanamh ar fhorbairtí agus rachaimid i gcomhairle le DFHERIS, HEA agus le geallsealbhóirí eile maidir le saincheisteanna atá ag teacht chun cinn chun gníomhú go láidir i leith na ndúshlán sin.

Táimid tiomanta i gcónaí do bhainistíocht stuama airgeadais agus d’infheistíocht straitéiseach i mbonneagar agus i sármhaitheas acadúil. Táimid dírithe i gcónaí ar sheasamh airgeadais na hOllscoile a fheabhsú, agus ag an am céanna, eispéireas den chéad scoth a chur ar fáil do mhic léinn mar aon le sármhaitheas teagaisc agus taighde a chothabháil, ionas go mbeadh Coláiste na Tríonóide faoi bhláth sna blianta atá le teacht.

**Louise Ryan**
Príomhoifigeach Airgeadais

**25 Márta 2026**





## Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

Éilítear ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath cloí le hAcht na nOllscoileanna, 1997, mar atá leasaithe ag Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, agus gach cuntas ceart agus gnáth a choimeád i bhfoirm a fhéadfaidh an tÚdarás um Ard-Oideachas a cheadú maidir le hairgead a fhaightear agus a chaitear. Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a fhaisnéisiú agus a mhíniú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Ollscoil lena gnó.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn, le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na hOllscoile agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Acht na nOllscoileanna, 1997, mar atá leasaithe ag Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, agus go n-ullmhaítear iad de réir caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar gnó na hOllscoile ar shlí cheart agus rialta agus as na sócmhainní uile faoina rialú oibríochta agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

**Paul Farrell**
Cathaoirleach

**An Dr Linda Doyle**
Propast

**25 Márta 2026**





# Ráiteas maidir le Córais Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann Bhord Choláiste na Tríonóide, Ollscoil Átha Cliath, admhaímid go bhfuil freagracht iomlán air as córais rialaithe inmheánaigh na hOllscoile; a chlúdaíonn gach rialú ábhartha lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta chomh maith le córais bhainistithe riosca a thacaíonn le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí na hOllscoile agus maoinithe agus sócmhainní poiblí agus eile a bhfuil an Bord freagrach astu á gcosaint ag an am céanna.

Dearadh an córas um rialú inmheánach chun na rioscaí a bhainistiú ionas go mbeidh siad ag leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis an mbaol go dteipfidh orthu cloí le beartais, go mbainfidh siad aidhmeanna agus cuspóirí amach agus go ndéanfaidh siad gnóthaí ar bhealach ordúil agus dlisteanach. Sa méid sin, ní fhéadfaí ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a chinntiú i gcoinne earráid ábhartha nó neamhrialtachta.

Tá an córas um rialú inmheánach bunaithe ar chur i bhfeidhm éifeachtach polasaithe, aidhmeanna agus cuspóirí laistigh de gach réimse den Ollscoil. In 2022, cheadaigh an Bord creat bainistithe beartas agus cuireadh i bhfeidhm é laistigh den Ollscoil chun tacú le cur i bhfeidhm éifeachtúil beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le gníomhaíochtaí na hOllscoile. Mar chuid de dhara beart cosanta maoirseachta na hOllscoile, cuireadh creat bainistíochta riosca i bhfeidhm in 2006 agus leantar lena fhorbairt agus lena neartú ar bhonn leanúnach.

Go sonrach:

1. Seo a leanas na príomhnósanna imeachta rialaithe atá i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe éifeachtach i bhfeidhm san Ollscoil:
   - (i) Feidhmíonn Coláiste na Tríonóide de réir Acht na nOllscoileanna, 1997, mar atá leasaithe ag Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, agus an tAcht um Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Cairteacha agus Litreacha Paitinne a Leasú), 2000; agus reáchtáiltear cruinnithe an Bhoird de réir Reachtanna Comhdhlúite na hOllscoile 2010. Tá an Bord freagrach, go foirmiúla, as Plean Straitéise na hOllscoile a ghlacadh agus príomhthionscnaimh agus príomhbheartais straitéiseacha a cheadú agus a mhaoirsiú, tionscadail chaipitil mhóra a mhaoirsiú agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ghlacadh. An Propast agus Oifigí Coláiste eile chomh maith leis an nGrúpa Oifigeach Feidhmiúcháin (arna stiúradh ag an bPropast) agus an Grúpa Pleanála (arna stiúradh ag an Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil) a chuireann an straitéis i bhfeidhm agus a ghlacann cinntí lá i ndiaidh lae.
   - (ii) Tuairisciú rialta do na Coistí Boird ábhartha agus don Bhord ar ghnéithe airgeadais agus dlíthiúla maidir leis na mórthionscadail, agus a chinntiú go mbaintear amach garspriocanna ábhartha;
   - (iii) Áirítear le téarmaí tagartha Phríomhchoistí an Bhoird maoirseacht a dhéanamh ar mhórthionscnaimh atá laistigh dá réimse freagrachta, agus faigheann an Bord miontuairiscí a gcruinnithe;
   - (iv) Feidhmíonn Déin na nDámh agus Ceannairí na Scoileanna, na réimsí Riaracháin agus Seirbhíse, d'fhonn a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, i gcomhréir leis na beartais maidir le Róil agus Freagrachtaí i ndáil le cúrsaí airgeadais arna gceadú ag an gCoiste Airgeadais agus ag an mBord;
   - (v) Déanann an Bord, an Coiste Airgeadais, an Coiste um Bhonneagar Criticiúil agus Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin na hOllscoile, chomh maith le Grúpaí Stiúrtha agus coistí ábhartha eile, athbhreithniú ar phróifílí riosca mórthionscadal a dtacaíonn an Grúpa Athbhreithnithe Caipitil (CRG) leo agus ar na cláir riosca bainistíochta tionscadail atá ar fáil do thionscadail shonracha ardtionchair, roimh chur chun feidhme na mórthionscadal sin agus lena linn;
   - (vi) Cuireann Oifig an Chisteora Tuarascálacha Eisceachtaí Rialaithe le chéile agus déanann an Coiste Airgeadais breithniú orthu ar bhonn débhliantúil;
   - (vii) Déantar Clár Riosca na hOllscoile, ina sonraítear na rioscaí suntasacha agus criticiúla ar leibhéal na hOllscoile, a athbhreithniú ag an gCoiste Riosca agus Comhlíontachta agus ag an mBord ar bhonn bliantúil;
   - (viii) Déanann an Coiste Iniúchóireachta, a fhaigheann tacaíocht ón bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh, athbhreithniú ar scóip agus ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha na hOllscoile, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta agus tuairiscíonn an Coiste chuig an mBord ar bhonn bliantúil;
   - (ix) Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar Bheartas Calaoise na hOllscoile, a cheadaigh an Bord an 30 Eanáir 2019, agus tá dréacht-athbhreithniú ar an mbeartas faoi chomhairliúchán le páirtithe leasmhara i láthair na huaire; agus cuirfear faoi bhráid an Bhoird é lena cheadú roimh dheireadh na bliana acadúla 2025/26;
   - (x) Tá lámhleabhair nósanna imeachta agus treoirlínte ar ghníomhaíochta na hOllscoile ar fáil do gach ball foirne tríd an inlíon agus láithreán gréasáin Choláiste na Tríonóide.

2. Baintear úsáid as na próisis seo a leanas chun rioscaí eagrúcháin a aithint agus chun na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leo a mheas:
   - (i) Ghlac an Bord le leagan athbhreithnithe den Bheartas Bainistithe Riosca i mí an Mheithimh 2023. Tá an beartas seo á chur i bhfeidhm mar chuid den chreat bainistíochta riosca, a cheadaigh an Grúpa Bainistíochta Riosca, an Grúpa

Oifigeach Feidhmiúcháin agus an Bord. Tá an Beartas Bainistithe Riosca soiléir i ndáil le húinéireacht agus freagracht maidir le cur i bhfeidhm a gceanglas ar fud gach réimse den Ollscoil, maidir le réimsí acadúla agus gairmiúla araon. Déantar cur síos soiléir sa bheartas ar an bpróiseas agus freagracht i leith riosca a mheas agus a bhainistiú, lena n-áirítear na tionchair airgeadais a bheadh acu, ar bhealach struchtúrtha;

(ii) Tá an Coiste Riosca agus Comhlíontachta freagrach as comhairle a chur ar an mBord maidir le gach ábhar beartais agus maoirseachta a bhaineann le riosca san Ollscoil, agus as maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil cultúir thacúil i ndáil le bainistiú riosca;

(iii) Is fochoiste de Ghrúpa na nOifigeach Feidhmiúcháin é an Grúpa Bainistithe Riosca, a dhéanann breithniú agus athbhreithniú ar Chlár Riosca na hOllscoile agus ar shaincheisteanna eile a bhaineann le riosca a mbíonn tionchar acu ar an Ollscoil;

(iv) Mar chuid de Thimthriall bliantúil Chlár Riosca na hOllscoile, cuirtear an Bord ar an eolas faoi Rioscaí suntasacha de chuid na hOllscoile atá ar leibhéal Ard, Meánach agus Íseal, faoi úinéirí na rioscaí, agus faoi na rialuithe atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déantar cur i bhfeidhm an Bheartais Bainistithe Riosca agus comhtháthú na bainistíochta riosca i bhfeidhmiú na hOllscoile a fhorbairt i gcónaí in éineacht le riosca a chomhtháthú i struchtúir bhainistíochta na hOllscoile. Don tréimhse 2025-26, cuirfear an Bord ar an eolas freisin maidir leis na pleananna maolaithe atá beartaithe chun na rioscaí sin a bhainistiú;

(v) Áirítear ar gach togra mór a chuirtear faoi bhráid an Bhoird measúnú riosca tionscadail, lena n-áirítear na rioscaí airgeadais gaolmhara. Is í an Oifig Bainistíochta Clár a dhéanann maoirseacht ar gach mórthionscadal caipitil, agus tá feabhsú leanúnach ar an oifig seo ar bun chun tacú le ról rialachais na hOifige Bainistíochta Clár;

(vi) Tá dualgas ar chomhlachtaí idir-institiúideacha a bhfuil an Ollscoil mar bhall dóibh agus ar fhochuideachtaí Choláiste na Tríonóide sé thuarascáil a chur faoi bhráid an Bhoird ar bhonn míosúil leis na teidil a leanas:
- Ainm
- Institiúidí rannpháirtíochta
- Cuspóirí
- Mórghníomhaíochtaí leanúnacha
- Pleananna amach anseo
- Diallas (más ann) ó bhunchuspóirí
- Comhlíonann sé a bheartais agus a nósanna imeachta féin agus tá creat rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm aige a oibríonn go héifeachtach
- Nádúr agus tábhacht na rioscaí maidir le heintiteas agus tábhacht ó thaobh na hOllscoile de;

**3.** Mionsonraí faoi na mórchórais faisnéise atá i bhfeidhm, mar shampla buiséid, agus an modh chun comparáid a dhéanamh idir torthaí iarbhíre agus buiséid i rith na bliana:

(i) Tá Múnla Pleanála agus Leithdháilte Buiséid bunaithe agus curtha i bhfeidhm ag an Ollscoil agus forbraíodh samhail réamhaisnéise airgeadais 5 bliana atá ag teacht le Plean Straitéiseach 5 Bliana na hOllscoile. Déantar próiseas buiséadaithe bliantúil agus faomhann an Coiste Airgeadais agus an Bord na meastacháin bhliantúla. Déantar buiséid a athbhreithniú in aghaidh feidhmíocht iarbhír chomh maith le hathréamhaisnéisiú a dhéanamh sa ráithe don Ollscoil agus cuirtear faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Ghrúpa Pleanála gach ráithe iad mar chuid de phacáiste tuairiscithe Buaicphointí Airgeadais agus Feidhmíochta. Faigheann an Bord nuashonruithe airgeadais ráithiúla ón bPríomhoifigeach Airgeadais freisin. Bíonn tuarascálacha míosúla agus ad-hoc ar fáil freisin agus cuirtear oiliúint agus tacaíocht leanúnach ar fáil do shealbhóirí buiséid nuair a iarrtar é.

**4.** Leantar nósanna imeachta sárchleachtais chun dul i ngleic le himpleachtaí airgeadais a bhainfeadh le mór-rioscaí gnó, ina measc:

(i) Tá próiseas údaraithe struchtúrtha ag an Ollscoil a mheaitseálann leis na teorainneacha airgeadaíochta a theastaíonn don údarás sínithe ar idirbhearta airgeadais, laistigh de chuntais shonracha chuig an ngrád cuí laistigh de gach réimse; tá freagracht foriomlán ag an gCeann Scoile/Feidhme as an údarás sínithe a tharmligean laistigh dá réimse féin. Faoi struchtúr airgeadais déabhlóidithe, tá an Déan Dáimhe/Ceann na Rannóige cuntasach don Bhord tríd an gCoiste Airgeadais as gach cúrsa airgeadais a bhaineann lena D(h)ámh/Rannán féin. Soláthraíonn an Príomhoifigeach Airgeadais treoir straitéiseach ar gach ábhar straitéise airgeadais, bainistíochta agus infheistíochta mar a bhaineann siad le reáchtáil na hOllscoile. Tá an Príomhoifigeach Airgeadais freagrach freisin as bainistíocht agus maoirseacht a dhéanamh ar an Rannóg Seirbhísí Airgeadais, lena n-áirítear Ciste Dearlaice Choláiste na Tríonóide;

(ii) Foilsíonn an Rannóg Seirbhísí Airgeadais nósanna imeachta mionsonraithe maidir le hidirbhearta airgeadais a láimhseáil ar láithreán gréasáin na hOllscoile. Tá oiliúint ar chúrsaí airgeadais ar fáil don fhoireann más mian leo

freastal uirthi. Déantar beartais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is cuí;

(iii) Áirítear ar bhallraíocht na gcoistí a leanas lucht gairme airgeadais, nó daoine a bhfuil saineolas suntasach airgeadais acu:
- An Coiste Iniúchóireachta
- An Coiste Príomh-bhonneagair
- An Coiste Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta
- An Coiste Airgeadais
- An Coiste Riosca agus Comhlíontachta

(iv) Cuireann Comhpháirtithe Airgeadais (Comhairleoirí Airgeadais Dáimhe/Rannáin) comhairle agus tacaíocht dhíreach ar fáil don phobal acadúil agus don fhoireann ghairmiúil maidir le cúrsaí airgeadais;

(v) Bhunaigh Coláiste na Tríonóide Oifig Bainistíochta Clár ('PMO') a rinne forbairt ar phróisis rialachais i leith tionscadail chaipitil ar fud an hOllscoile agus a chuir i bhfeidhm iad. Féachtar faoi phróiseas caighdeánach rialachais chuimsithigh tionscadail na hOllscoile ar shaolré tionscadal caipitil mar shraith de Chéimeanna seicheamhacha faoina bhféadfar monatóireacht a dhéanamh seasta ar thionscadail. Bíonn Geata idir gach céim ina dtugtar faoi athbhreithniú foirmeálta chun a chinneadh an rachfar chun cinn le tionscadal agus an maoiniú atá le cur ar fáil. Tá ceadú ag Céim an Gheata ar cheann de roinnt próisis éigeantacha atá i bhfeidhm a chaithfidh gach tionscadal caipitil a leanúint, ceadú tionscadal san áireamh chomh maith le tosaíocht agus bainistiú athbhreithnithe. Tacaíonn na próisis seo le bainistiú, monatóireacht agus rialú tionscadal le hiad a choinneáil laistigh de rialachas tionscadal caipitil ar fud na hOllscoile. Ní mór Urraitheoir Tionscadail acadúil a bheith le gach tionscadal caipitil chomh maith le ceannaire Oifigeach Feidhmiúcháin chomh maith le coiste stiúrtha agus Cathaoirleach seachtrach agus monatóir neamhspleách nuair is cuí;

(vi) Is é an CRG, ar a bhfuil an Príomhoifigeach Oibriúcháin, an Príomhoifigeach Airgeadais, an Cisteoir & Príomhoifigeach Forbartha Straitéisí agus Ceann an PMO a dhéanann na cásanna gnó do gach tionscadal caipitil a bhfuil luach €50,000 nó níos mó ag baint leo a athbhreithniú. Ós rud é nach bhfuil aon duine i bpost Cheannasaí na hOifige Bainistíochta Tionscadal, tá bainisteoir Punainne na hOifige Bainistíochta Tionscadal ag obair go sealadach sa ról sin. Déanann an CRG athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn gach Tionscadail Caipitil. An CRG atá freagrach as dul chun cinn a cheadú trí Chéimeanna an Gheata, na chéad tráinsí buiséid eile a scaoileadh, athruithe scóip srl agus cuirtear breithnithe buiséid ar aghaidh lena gceadú chuig Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin na hOllscoile. Déanann an CRG athbhreithniú rialta ar chlár riosca bainistíochta an tionscadail chaipitil aonair chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar na spleáchais idir tionscadail leanúnacha;

(vii) Tá leagan nuashonraithe den chóras Bainistithe Tionscadal, Clár agus Punann (ePPM) curtha i bhfeidhm ag an PMO, a fheidhmíonn mar phríomhstór lárnach do gach faisnéis a bhaineann le rialachas agus le seachadadh tionscadal caipitil, lena n-áirítear sonraí airgeadais, cláir riosca, geataí tionscadail agus iarratais ar athrú; agus

(viii) Le linn na bliana, rinneadh athbhreithniú ar struchtúir rialachais chaipitil, agus moladh dá bharr sin Oifig Clár Caipitil a bhunú a dhéanfadh maoirseacht ar fheidhm an PMO, ar sholáthar caipitil, agus ar bhainisteoirí clár caipitil. Tá sé beartaithe tús a chur leis an struchtúir seo a chur i bhfeidhm le linn na bliana airgeadais 2026. Ina theannta sin, cheadaigh an Bord i mí na Nollag 2025 moladh chun tairseacha formheasa tionscadal caipitil a nuashonrú ag gach leibhéal rialachais, i gcomhréir le Treoirlínte Bonneagair an Rialtais.

**5.** Nósanna Imeachta maidir le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha:

(i) Maoirseacht ag Príomhchoistí an Bhoird, le tuairisciú rialta don Bhord ar shaincheisteanna ar chóir aird an Bhoird a tharraingt orthu trí mhiontuairiscí na gcoistí sin agus trí thuairisciú ó Chathaoirligh na gCoistí, ar baill tofa den Bhord iad, seachas an Coiste Airgeadais, a bhfuil an Propast ina chathaoirleach air, agus an Coiste Iniúchóireachta, a bhfuil ball seachtrach neamhspleách ina chathaoirleach air;

(ii) Rinneadh próiseas dearbhaithe bliantúil chun ráitis dearbhaithe a chinntiú ó Cheannairí Rannáin, Déin na Dáimhe, Ceannairí Scoile, Ceannairí Ceantair agus Cathaoirligh Coistí chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha;

(iii) Clár d'athbhreithnithe ardchaighdeáin seachtracha ar réimsí acadúla as a dtéann na torthaí isteach i gcláir rioscaí na réimsí aonair. Athbhreithnithe ardchaighdeáin ar Scoileanna, ar chláir agus ar Sheirbhísí Tacaíochta agus Taighde á dtreorú ag riachtanais an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta 2012;

(iv) Faigheann an Coiste Iniúchóireachta tuarascálacha ón Iniúchóir Inmheánach ar stádas na rialuithe inmheánacha; déantar na tuarascálacha seo de réir clár oibre atá ceadaithe ag Coiste Iniúchóireachta na hOllscoile agus déanann sé athbhreithniú ar rialuithe ar fud feidhmeanna éagsúla na hOllscoile ar bhonn riosca. Soláthraíonn an Coiste Iniúchóireachta, i dteannta miontuairiscí óna chruinnithe ar fad a chur ar fáil don Bhord, tuairisc don Bhord ar

bhonn bliantúil agus eisíonn sé ráiteas bliantúil maidir lena thuairim ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais bainistithe riosca mar chuid dá bhreithniú ar iniúchtaí inmheánacha;

(v) Tuarascálacha ó iniúchóirí seachtracha na hOllscoile agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Airgeadais agus an Bord athbhreithniú orthu; agus

(vi) Cuireann an Oifig Riosca Clár Riosca na hOllscoile i láthair ar bhonn bliantúil. Leantar le córas bainistithe riosca a leabú ar fud na hOllscoile trí dul in oiriúint do riachtanais na hOllscoile de réir mar is gá agus i gcomhréir le dea-chleachtas. Is doiciméad é Clár Riosca na hOllscoile a ndéanann Grúpa Bainistíochta Riosca, Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin, agus Coiste Riosca agus Comhlíontachta na hOllscoile athbhreithniú agus faomhadh air lena chur ar aghaidh chuig an mBord lena fhormheas. Déanann an Coiste Iniúchóireachta trácht ar Chlár Riosca na hOllscoile ar bhonn bliantúil. Tá nuashonruithe ar an gclár riosca san áireamh mar chuid de thimthriall athbhreithnithe bliantúil chlár riosca na hOllscoile, chomh maith le rannpháirtíocht rialta na hOifige Riosca le gach réimse den Ollscoil. Tá dul chun cinn leanúnach á dhéanamh maidir le próisis bhainistíochta riosca a leabú ag leibhéal aonad áitiúil (i.e. sna Dámha agus sna Rannáin) chun córas bainistíochta riosca ar fud na heagraíochta a chur i bhfeidhm in 2023/24.

**6.** Deimhniú maidir le hAthbhreithniú ar Éifeacht an Chórais um Rialú Inmheánach:

(i) Deimhníonn Coláiste na Tríonóide go bhfuil na próisis mhonatóireachta agus athbhreithnithe thuasluaite (Alt 5) i bhfeidhm i rith na bliana airgeadais dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2025 agus nach bhfuil aon saincheisteanna a bhaineann le héifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh sainaitheanta a éilíonn nochtadh sa ráiteas seo.

(ii) Ar mhaithe le trédhearcacht, aithníodh na saincheisteanna seo a leanas maidir le rialú inmheánach le linn na bliana:

- Le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2025, b’ionann an caiteachas a bhí faoi réir tairisceana agus €197m. As seo, níor chomhlíon €177k (níos lú ná 0.10% den chaiteachas iomlán) an reachtaíocht reatha maidir le soláthar i ndáil le ceanglais tairisceana poiblí. Le linn na bliana, bhain an Ollscoil úsáid as seirbhísí agus as creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) agus na Seirbhíse Soláthair Oideachais, nuair ba ghá. Leanann an Ollscoil ar aghaidh ag obair i dtreo comhlíonadh iomlán leis na treoirlínte ábhartha go léir.
- I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh CBL i bhfochuideachta de chuid na hOllscoile, rinneadh nochtadh deonach neamhspreagtha do na Coimisinéirí Ioncaim i mí an Mheithimh 2024. B’ionann an tsuim iomlán a íocadh (lena n-áirítear ús €178k agus pionóis €21k) agus €922k Bhain an ghanníocaíocht le ró-aisghabháil CBL ionchuir a bhain le gníomhaíochtaí atá díolmhaithe ó CBL. Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim leis an nochtadh agus cuireadh deireadh leis an gceist i mí Iúil 2025. Tá bearta ceartaitheacha curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh cánach a chinntiú amach anseo.
- I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chóiríocht foirne a chuir Coláiste na Tríonóide ar fáil do na blianta 2021 go 2025, rinne an Ollscoil nochtadh deonach neamhspreagtha do na Coimisinéirí Ioncaim i mí na Samhna 2025 i ndáil le ganníocaíocht cánacha párolla. D’íoc an Ollscoil €77k (lena n-áirítear ús €6k) agus tá an nochtadh le tabhairt chun críche i láthair na huaire. Tá pleananna aisíocaíochta á n-athbhreithniú faoi láthair. Tá bearta ceartaitheacha curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh cánach leanúnach a chinntiú.
- I gcaitheamh na bliana, thug an Ollscoil ceist faoi deara maidir le cás de mhíthreorú párolla ar theastaigh imscrúdú ina leith. Bhí an cheist mar ábhar i gcleachtadh réamhbhailithe faisnéise, ar eisíodh tuarascáil ina leith i mí Aibreáin 2025. Tá an t-imscrúdú a rinneadh ina dhiaidh sin tugtha chun críche, agus tugadh isteach nósanna imeachta chun rialuithe a neartú. Is ionann an tsuim iomlán agus tuarastal míosa d’fhostaí amháin agus ní mheastar í a bheith ábhartha i gcomhthéacs na ráiteas airgeadais.

# Ráiteas maidir le Rialachas

De réir an Teimpléid Tuairiscithe don Ráiteas Bliantúil Rialachais ó Ollscoileanna chuig an Údarás um Ard-Oideachas, 2024/25, ba mhaith linn an chomhairle seo a leanas a thabhairt:

1. **Ceanglais Reachtúla:** Aithníonn an Bord go bhfuil sé freagrach as comhlíonadh gach ceanglas reachtúil atá infheidhme leis an Ollscoil mar atá leagtha amach in Acht na nOllscoileanna 1997, mar atá leasaithe ag Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, agus i reachtaíocht ábhartha eile.

2. **An Cód Rialachais:** Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (SBC) i mí na Samhna 2024, faoi réir ceanglais reachtúla. Roimh an dáta seo, bhí an institiúid ag feidhmiú faoin gCód Rialachais d'Ollscoileanna Éireannacha 2019, a bhí bunaithe ar na prionsabail sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Don tréimhse tuairiscithe, bhí nósanna imeachta i bhfeidhm ag Coláiste na Tríonóide chun comhlíonadh an SBC a chinntiú.

3. **Cód Iompair do Bhaill:**
   (i) Deimhníonn Coláiste na Tríonóide go raibh Cód Iompair do Bhaill, lena n-áirítear tagairt do choinbhleacht leasa agus d'eitic i riachtanais oifigí poiblí, i bhfeidhm i rith na bliana atá faoi athbhreithniú.
   (ii) Is féidir le Coláiste na Tríonóide a dheimhniú go ndéantar athbhreithniú ar an gCód Iompair gach trí bliana agus go n-uasdátaítear é nuair is cuí.
   (iii) Bhí próisis i bhfeidhm ag Coláiste na Tríonóide le linn na bliana faoi athbhreithniú chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go rabhthas ag cloí leis an gCód Iompair.

4. **Cód Iompair d'Fhostaithe:**
   (i) Deimhníonn Coláiste na Tríonóide go raibh Cód Iompair d'Fhostaithe, lena n-áirítear tagairt do choinbhleacht leasa agus d'eitic i riachtanais na n-oifigí poiblí, i bhfeidhm i rith na bliana atá faoi athbhreithniú.
   (ii) Tá an Cód Iompair faoi athbhreithniú faoi láthair d'fhonn é a nuashonrú in 2025/26.
   (iii) Bhí próisis i bhfeidhm ag Coláiste na Tríonóide le linn na bliana faoi athbhreithniú chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go rabhthas ag cloí leis an gCód Iompair.
   (iv) Le linn na bliana faoi athbhreithniú, is féidir le Coláiste na Tríonóide a dheimhniú go raibh treoir san áireamh sa Chód Iompair d'Fhostaithe lena chinntiú nach gcuirfeadh obair sheachtrach a bhí ar bun ag fostaithe isteach ar phríomhdhualgais conartha.

5. **Forbairtí lena mBaineann Suntas Tráchtála:** Leantar ar aghaidh ag feidhmiú ar bhealach inbhuanaithe san Ollscoil agus ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach. I mbliain airgeadais 2024/25, tháinig tuilleadh feabhais ar shruthanna ioncaim acadúla agus tráchtála araon, agus tuairiscíodh méaduithe ar chaiteachas freisin.

   Bhí na nithe seo a leanas i gceist le táillí comhairleoireachta/comhairleora sheachtraigh a íocadh le páirtithe seachtracha le linn na bliana airgeadais, 2024/25:

| Catagóir Chaiteachais | Méid €'000 |
|---|---:|
| Margaíocht | 302 |
| AD | 86 |
| Cáin & Comhairle Airgeadais | 297 |
| Dlí | 1,456 |
| Eile | 3,872 |
| **Iomlán Athfhillteach** | **6,013** |
| Tionscadail Chaipitil | 1,081 |
| **Iomlán (Athfhillteach & Caipitil)** | **7,094** |

   San áireamh sa chatagóir Dlí thuas, tá €55k a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe i ndáil le socraíochtaí agus costais dlí.

6. **Pá & Pinsin:**
   (i) Comhlíonadh beartas agus reachtaíocht an Rialtais maidir le pá don Phríomhoifigeach agus d'fhostaithe le linn na bliana atá faoi athbhreithniú;
   (ii) Comhlíonadh beartas agus reachtaíocht an Rialtais maidir le pinsin agus aon chomhaontuithe pinsin leis an Údarás um Ard-Oideachas, an Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta nó le haon Roinn Rialtais eile le linn na bliana atá faoi athbhreithniú; agus
   (iii) Ní raibh aon íocaíochtaí scoir le linn na bliana airgeadais.

7. **Tuairisciú Airgeadais:** Maidir le tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara, dearbhaítear an méid seo a leanas:
   (i) Rinneadh gach nós imeachta cuí maidir le hullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil de réir cheanglais an Chóid Stáit.
   (ii) Foilsíodh tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear ráitis airgeadais iniúchta, i ndáil le gníomhaíochtaí comhdhlúite na hinstitiúide.

8. **Imeachtaí Lasmuigh den Chlár Comhardaithe:** Deimhníonn an Ollscoil nach raibh aon idirbheart airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe ann le linn na tréimhse tuairiscithe.

9. **Iontaobhais agus Fondúireachtaí:** Deimhníonn an Ollscoil go bhfuil Fondúireachtaí agus Iontaobhais ionchorpraithe i ráitis airgeadais chomhdhlúite na hOllscoile. Tá liosta d'Fhondúireachtaí agus Iontaobhais corpraithe san áireamh i Nóta 28 de na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

10. **Iniúchadh Inmheánach:** Deimhnítear a leanas maidir le hIniúchadh Inmheánach:
    (i) Táthar ag tabhairt faoi na nósanna imeachta cuí ar fad maidir le hiniúchadh inmheánach agus tá clár iniúchta inmheánaigh cuimsitheach i bhfeidhm
    (ii) Tá Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm ó 1998 agus faoi láthair tá Cathaoirleach seachtrach, neamhspleách agus beirt bhall sheachtracha neamhspleácha agus tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar bhonn bliantúil. Tacaíonn feidhm iniúchta inmheánaigh le hobair an Choiste a thuairiscíonn díreach chuige.
    (iii) Cuireadh 8 dtuarascáil Iniúchta Inmheánaigh i gcrích agus aontaíodh iad leis an gCoiste Iniúchóireachta sa bhliain airgeadais dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2025:
    - Iniúchadh ar an gCreat Cosanta Sonraí chun Tacú le Comhlíonadh na Rialachán um Thaighde Sláinte
    - Iniúchadh maidir leis an tSamhail Bhuiséid a Chur i bhFeidhm
    - Iniúchadh ar an Tobhach Mac Léinn a Bhainistiú
    - Iniúchadh ar Rialachas na Seirbhíse Míchumais
    - Iniúchadh ar an mBeartas Taistil
    - Iniúchadh ar Rialachas na Dámh (Dámh na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice)
    - Iniúchadh Bainistíocht Chúnamh Airgeadais Mac Léinn ag Oifig an Oide Shinsearaigh
    - Iniúchadh ar Bhainistiú na Naíolainne

11. **Soláthar:** Tá polasaithe agus nósanna imeachta soláthair curtha i bhfeidhm ag an Ollscoil agus ceanglaítear gach caiteachas neamhphá a fháil i gcomhréir leis na polasaithe agus nósanna imeachta sin. Aithníonn an Ollscoil luach an tsoláthair agus an gá atá le comhlíonadh iomlán agus leanann sí leis na rioscaí ábhartha a íoslaghdú.
    (i) Nósanna imeachta soláthair:
        a) Tá tacar de Pholasaithe & Nósanna Imeachta Soláthair ceadaithe coinnithe ag Coláiste na Tríonóide ón mbliain 2000. Eascraíonn na gnéithe comhlíonta ó rialacha agus ó threoirlínte Rialtais. Déanfar tagairt dhíreach sa leagan cothrom le dáta do 'Treoirlínte um Sholáthar Poiblí Earraí agus Seirbhísí ' an OGP, Leagan 3, Deireadh Fómhair 2023 agus do Sheirbhís Soláthair Oideachais.
        b) Chomhlíon an Ollscoil a cuid oibleagáidí i leith Soláthar Glas le linn na bliana atá faoi athbhreithniú.
    (ii) Neamhchomhlíonadh soláthair:
    Deimhníonn an Ollscoil go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun neamhchomhlíonadh a bhrath. Tá bunachar sonraí conarthaí ann do gach conradh/íocaíocht os cionn €50,000 agus cuimsítear ann feidhmiúlacht monatóireachta chun neamhchomhlíonadh a chur in iúl. Déantar gach éileamh ceannaigh d'earraí agus seirbhísí os cionn €5,000 gan CBL a threorú go huathoibríoch chuig Soláthar lena gceadú.

Ag an tráth sin, is féidir a mheas go tapa cibé an ndearnadh tairiscint mar is ceart maidir le caiteachas agus go raibh na bearta cuí i bhfeidhm nuair ba ghá. Ina theannta sin, déantar monatóireacht ar na leibhéil caiteachais in aghaidh an tsoláthróra ar bhonn rialta d'fhonn luachanna caiteachais go dtí seo a sheiceáil. Baineann sin le ceannacháin aonair charnacha go háirithe i.e. sa chás is nach bhfuil aon ghníomh neamhchomhlíontach a bhfuil eolas air ag tarlú. Ar deireadh, cuireann an Rannóg Seirbhísí Airgeadais oiliúint ar fáil agus is féidir le gach ball den fhoireann freastal uirthi más mian leo.

(iii) Soláthar neamhchomhlíontach:
Le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2025, b'ionann an caiteachas a bhí faoi réir tairisceana agus €197 milliún. As seo, níor chomhlíon €177k (níos lú ná 0.10% den chaiteachas iomlán) an reachtaíocht reatha maidir le soláthar i ndáil le ceanglais tairisceana poiblí. Leanann an Ollscoil ar aghaidh ag obair i dtreo comhlíonadh iomlán leis na treoirlínte ábhartha go léir.

(iv) Plean Soláthair Corparáideach:
Deimhníonn an Ollscoil gur cloíodh leis an bpolasaí agus leis na nósanna imeachta ábhartha soláthair sa bhliain airgeadais agus go leantar d'fhorbairt a dhéanamh ar Phlean Soláthair Corparáideach na hOllscoile agus go gcloítear leis. Ina theannta sin, cuireadh ár bPlean Soláthair Ilbhliantúil faoi bhráid na Seirbhíse Soláthair Oideachais lena bhreithniú i bpleananna foinsithe earnála.

(v) An Oifig um Sholáthar Rialtais:
Leantar den bheartas maidir le rannpháirtiú go gníomhach le gníomhaireachtaí Rialtais cuí.

12. **Diúscairtí Sócmhainní:** Nósanna imeachta seanbhunaithe na hOllscoile a rialaíonn diúscairt sócmhainní. A mhéid is fearr is eol dúinn agus a chreidimid, deimhníonn Coláiste na Tríonóide go bhfuiltear ag tabhairt faoi nósanna imeachta cuí maidir le diúscairtí sócmhainní agus nach bhfuil aon diúscairtí sócmhainní atá os cionn na tairsí €150,000 agus a bheadh faoi réir ceant ná próiseas iomaíoch tairisceana ar fáil sa tréimhse thuairiscithe.

13. **Maoirseacht, Bainistíocht agus Seachadadh Tionscadal Caipitil agus Idirbhearta Maoine**: Deimhníonn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath go ndéantar beartais agus nósanna imeachta na hOllscoile maidir le maoirseacht, bainistíocht agus seachadadh tionscadal caipitil agus idirbhearta maoine a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir mar is gá gach trí bliana. Tá siad seo i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí, leis na Treoirlínte Bonneagair, leis an gCreat Bainistíochta Oibreacha Caipitil agus leis na Ciorcláin agus an Cód Rialachais ábhartha. Déanann an Ollscoil tionscadail chaipitil a bhainistiú agus a sheachadadh i gcomhréir leis na beartais agus na nósanna imeachta sin. Chomhlíon an Ollscoil formhór a cuid oibleagáidí faoin Mandáid Ghníomhaithe ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí (an Mhandáid). Tá an Ollscoil ag obair i dtreo comhlíonadh a bhaint amach i ndáil le hAlt 4.3 agus Alt 4.5 den Mhandáid.

14. **Polasaí Taistil:** Is féidir leis an Ollscoil a dheimhniú go bhfuil polasaí taistil agus nósanna imeachta gaolmhara i bhfeidhm. Tá an polasaí agus na nósanna imeachta ar fáil do gach ball foirne ar láithreán gréasáin na hOllscoile. Tá oiliúint i leith an pholasaí sin san áireamh sa lá oiliúna ionduchtúcháin foirne AD do bhaill foirne nua. Tá forbairt déanta ar an bpolasaí agus ar na nósanna imeachta ag féachaint do riachtanais na Roinne Airgeadais maidir le Ciorcláin Taistil, agus do riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le costais na bhfostaithe. Tuairiscítear eisceachtaí ábhartha chuig an gCoiste Airgeadais ar bhonn rialta agus déantar gníomh cuí. Cheadaigh an Bord polasaí athbhreithnithe i mí Aibreáin 2025.

15. **Treoirlínte ar Luach ar Airgead a Bhaint Amach i gCaiteachas Poiblí:** Tá an Ollscoil tar éis na treoirlínte maidir le luach ar airgead a bhaint amach i gCaiteachas Poiblí mar atá leagtha amach i dTreoirlínte Bonneagair na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadhadh PFN agus Athchóirithe.

16. **Dlíthe Cánach:** Tá an Ollscoil tiomanta dlíthe cánachais a chomhlíonadh go hiomlán. Déantar saincheisteanna ar bith a aithnítear i rith na bliana a fhiosrú agus a réiteach. Tá an Ollscoil lán-tiomanta a chinntiú go n-íoctar dliteanais chánach ar na dátaí a mbíonn siad dlite. Mar a leagtar amach in Alt 6 den Ráiteas ar Chórais Rialaithe Inmheánaigh, rinne an Ollscoil nochtadh deonach neamhspreagtha do na Coimisinéirí Ioncaim i mí an Mheithimh 2024. Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim leis an gceist agus cuireadh deireadh léi i mí Iúil 2025. Tá nochtadh deonach neamhspreagtha ar leith, a rinneadh i mí na Samhna 2025, faoi athbhreithniú faoi láthair.

17. **Díospóidí Dlí:** Ní raibh aon díospóid dlíthiúil a bhain le comhlachtaí Stáit eile, a thabhaigh caiteachas €25,000 nó níos mó, le tuairisciú don Institiúid Ardoideachais faoin 30 Meán Fómhair 2025.

**18. An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú):**

I gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú) (an tAcht), tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Coláiste na Tríonóide i dtaca le tuairisciú rúnda nochtaithe, lena bhféadfaidh fostaithe, faoi rún, imní a chur in iúl faoi mhírialtachtaí féideartha i dtuairisciú airgeadais nó i gcúrsaí eile, agus chun a chinntiú go ndéantar obair leantach chuí ar cheisteanna a chuirtear in iúl ar an dóigh seo.

(i) Deimhníonn Coláiste na Tríonóide go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm chun Nochtadh Cosanta a dhéanamh i gcomhréir le hAlt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú). Cheadaigh an Bord Beartas athbhreithnithe um Nochtadh Cosanta (Sceithireacht) an 4 Meitheamh 2025 agus cuireadh oiliúint ar fáil do phríomhgheallsealbhóirí.
(ii) Deimhníonn Coláiste na Tríonóide go bhfuil an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoin Acht foilsithe ar shuíomh gréasáin Choláiste na Tríonóide.
(iii) Ní bhfuarthas aon Nochtadh Cosanta le linn na tréimhse tuairiscithe.

**19. Cruinnithe den Chomhlacht Rialachais:** Le linn na bliana airgeadais atá faoi athbhreithniú, reáchtáladh 8 gcruinniú Boird. Is féidir le Coláiste na Tríonóide a dheimhniú gur coinníodh córam ag gach cruinniú agus go bhfuil Cathaoirleach an Bhoird sásta gur reáchtáladh go leor cruinnithe chun dualgais an Bhoird a chomhlíonadh. Reáchtáladh dhá sheisiún phríobháideacha ag an mBord gan na baill feidhmiúcháin ná an bhainistíocht a bheith i láthair.

Tugtar breac-chuntas thíos ar bhallraíocht agus ar an líon ball ag cruinnithe an Bhoird sa bhliain airgeadais, 2024/25.

| Ball | Cruinnithe ar fhreastail siad orthu i gcomparáid le líon na gcruinnithe féideartha |
|---|---|
| Propast (An Dr Linda Doyle) | 8/8 |
| Leas-Phropast (An tOllamh Orla Sheils) | 8/8 |
| Uachtarán Aontas na Mac Léinn (Jenny Maguire, Uasal) (D'éirigh as an 4 Meitheamh 2025) | 7/7 |
| Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn (An tUasal Hamza Bana) (D'éirigh as an 4 Meitheamh 2025) | 6/7 |
| An tUasal Paul Farrell (Cathaoirleach) | 8/8 |
| An tOllamh Alan Dignam | 6/8 |
| Tara Doyle, Uasal | 8/8 |
| Isolde Goggin, Uasal | 7/8 |
| An Dr Neasa Hardiman | 5/8 |
| An Dr Mary Kelly (Leas-Chathaoirleach) | 7/8 |
| An tUasal Alex White | 7/8 |
| An tOllamh Andrea Nolan | 6/8 |
| Orla Muldoon, Uasal | 6/8 |
| An Dr Don Thornhill | 5/8 |
| An tOllamh Ahuvia Kahane | 8/8 |
| An tOllamh Mark Cunningham | 6/8 |
| An tOllamh Darryl Jones | 7/8 |
| An tOllamh Caitriona Leahy | 7/8 |
| An tOllamh Cliona O'Farrelly | 5/8 |
| An tOllamh Inmaculada Arnedillo-Sánchez | 6/8 |
| An Dr Jason Wyse | 7/8 |
| An tOllamh John Walsh | 6/8 |
| Deirdre Caden, Uasal | 6/8 |
| Rachel Mathews-McKay, Uasal | 2/8 |
| An tUasal Jovan Jeromela (Chuaigh isteach an 4 Nollaig 2024, D'éirigh as an 4 Meitheamh 2025) | 5/5 |
| Uachtarán Aontas na Mac Léinn (An tUasal Seán Thim O'Leary) (Chuaigh isteach an 17 Meán Fómhair 2025) | 1/1 |
| Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn (Deirdre Leahy, Uasal) (Chuaigh isteach an 17 Meán Fómhair 2025) | 1/1 |

**20. Cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta:** Reáchtáil an Coiste Iniúchóireachta 4 chruinniú i mbliain airgeadais 2024/25 agus tá taifead tinrimh na gcomhaltaí le feiceáil thíos.

| Ball | Cruinnithe ar fhreastail siad orthu i gcomparáid le líon na gcruinnithe féideartha |
|---|---|
| Brendan McDonagh (Cathaoirleach) | 4/4 |
| Bridget Collins | 4/4 |
| Rachel Matthews-McKay | 2/4 |
| Sarah Daly | 4/4 |
| Paula Murphy | 3/4 |
| Thomas Chadefaux | 4/4 |

**21. Cruinnithe den Choiste Airgeadais:** Reáchtáil an Coiste Airgeadais 6 gcruinniú i mbliain airgeadais 2024/25 agus tá taifead tinrimh na mball le feiceáil thíos.

| Rannpháirtithe | Cruinnithe ar fhreastail siad orthu i gcomparáid le líon na gcruinnithe féideartha |
|---|---|
| **Tinreamh na mBall** | |
| Propast (An Dr Linda Doyle) | 6/6 |
| Leas-Phropast (An tOllamh Orla Sheils) | 6/6 |
| Príomhoifigeach Airgeadais (Louise Ryan, Uasal) (Rúnaí) | 6/6 |
| Uachtarán Aontas na Mac Léinn (Jenny Maguire, Uasal)* | 4/6 |
| Príomhoifigeach Oibriúcháin (Orla Cunningham, Uasal) (D'imigh i mí an Mhárta 2025) | 4/4 |
| Príomhoifigeach Oibriúcháin (An tUasal Noel Gorman) (Chuaigh isteach i mí Aibreáin 2025) | 2/2 |
| Sparánaí (An tOllamh Eleanor Denny) | 6/6 |
| Déan Dáimhe (An tOllamh Brian O'Connell) | 4/6 |
| An Dr Norah Campbell | 6/6 |
| **Baill Sheachtracha** | |
| Cathy Bryce, Uasal (d'éirigh as i mí na Bealtaine 2025) | 2/6 |
| Naomi Holland, Uasal | 5/6 |
| An Dr Neasa Hardiman | 5/6 |
| An tUasal David Swam (chuaigh isteach i mí Eanáir 2025) | 3/4 |
| **I Láthair** | |
| An tUasal Patrick Moore (Leas-Phríomhoifigeach Airgeadais) | 6/6 |
| Róisín Stapleton, Uasal | 6/6 |
| An Dr Michelle Olmstead (chuaigh isteach i mí Eanáir 2025) | 4/4 |

* Chuaigh an tUasal Seán Thim O'Leary isteach sa choiste i mí Mheán Fómhair mar Uachtarán nua Aontas na Mac Léinn i TCD

22. **Athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhoird:** Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar Bhord Choláiste na Tríonóide (Údarás Rialaithe) in 2023/24 agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Bhoird an 6 Samhain 2024. Thug an Bord agus na Príomhchoistí faoi féinmheasúnú bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar fheidhmíocht an Bhoird agus a choistí le linn na bliana airgeadais.

    Cuid shuntasach den obair reatha is ea feabhas leanúnach a chur ar oibríochtaí an Bhoird, mar shampla:
    - Clár Oibre Bliantúil an Bhoird a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
    - Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar struchtúir rialachais an Phríomhchoiste

23. **Sonraí a cuireadh ar fáil don Údarás um Ard-Oideachas:** Deimhníonn Coláiste na Tríonóide go bhfuil an Ollscoil sásta maidir le hionracas agus láidreacht aon sonraí faoi líon na mac léinn (lena n-áirítear sonraí an Chórais Taifead Mac Léinn agus an tSuirbhé ar Thorthaí Céimithe) agus na gclár a cuireadh ar fáil don HEA sa tuairisciú, chomh maith le hionracas agus láidreacht na sonraí faoi líon na foirne a cuireadh ar fáil don HEA de réir mar is gá.

24. **Ag Cur Deireadh le Ciapadh agus Foréigean Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann:**
    (i) Deimhníonn Coláiste na Tríonóide go bhfuil sé ag cur struchtúir, polasaithe agus próisis chuí i bhfeidhm chun tacú le torthaí an chreata, ar a dtugtar Slán, Measúil, Tacúil agus Dearfach - Ag Cur Deireadh le Ciapadh agus Foréigean Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann (An Creat le haghaidh Toilithe), a bhaint amach agus monatóireacht a dhéanamh air mar atá léirithe sa Phlean Gnímh foilsithe chun Aghaidh a Thabhairt ar Fhoréigean agus Ciapadh Gnéasach.
    (ii) Déanann foireann ardbhainistíochta na hinstitiúide athbhreithniú go rialta ar dhul chun cinn Phlean Gnímh Choláiste na Tríonóide chun Aghaidh a Thabhairt ar Fhoréigean agus Ciapadh Gnéasach agus tuairiscíodh an dul chun cinn do Chomhlacht Rialachais na hinstitiúide.

25. **Cosaint Leanaí (lena n-áirítear beartais agus Nósanna Imeachta):** Cuireann an Ollscoil feasacht i ndáil le Reachtaíocht um Thús Áite do Leanaí chun cinn i gcónaí. Cheadaigh an Bord Beartas um Chosaint Leanaí i Samhain na bliana 2022. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an mBeartas agus ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí faoi láthair. Cuirtear Oiliúint Cosanta Leanaí ar fáil ar bhonn sceidealaithe.

26. **An tAcht um Míchumas, 2005:** Is féidir le Coláiste na Tríonóide a dheimhniú gur chomhlíon siad na hoibleagáidí atá orthu faoin Acht um Míchumas, 2005, le linn na bliana faoi athbhreithniú.

27. **Táillí agus Costais:** Is féidir le Coláiste na Tríonóide a dheimhniú nach n-íoctar aon táille as gníomhaíochtaí an Bhoird le baill an Bhoird. Tá baill sheachtracha an Bhoird i dteideal táillí ballraíochta €279 in aghaidh na bliana don Seomra Coiteann Sinsearach. Íocadh costais taistil agus chothaithe de €12,634 san iomlán le triúr ball den Bhord. Níor éiligh baill an Bhoird aon chostais eile i leith gníomhaíochtaí Boird sa bhliain airgeadais 2024/25.

    Íocadh tuarastal €244,031 leis an bPropast le linn na tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025. De bhun Reacht na hOllscoile, tá sé de cheanglas ar an bPropast, de réir théarmaí a chonartha fostaíochta, a bheith ina chónaí ar an gcampas i dTeach an Phropaist. Tá sise ina cónaí ag Uimh. 1 Sráid Grafton ar feadh a tionachta 10 mbliana agus faigheann sochar cánach breise d'fhóntais a thabhaítear d'úsáid phearsanta.

28. **Cothromaíocht Inscne an Chomhlachta Rialachais:** Is féidir le Coláiste na Tríonóide a dheimhniú go raibh ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht an Bhoird don bhliain faoi athbhreithniú.

29. **Fochuideachtaí, comhfhiontair agus leasanna i gcuideachtaí seachtracha:** Is féidir le Coláiste na Tríonóide an méid seo a dheimhniú maidir leis na nithe seo a leanas:
    (i) Lean aon fhochuideachta de chuid na hinstitiúide (nó fochuideachta ina leith) ag oibriú chun críche ar a raibh sí bunaithe agus sin amháin agus chloígh sí de réir théarmaí agus choinníollacha an toilithe faoinar bunaíodh í.
    (ii) Cheadaigh an Bord Treoirlínte Rialachais Fochuideachtaí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2024. Faigheann an Bord tuarascáil fhoirmiúil ar chomhlíonadh ó Stiúrthóir gach fochuideachta ar bhonn leathbhliantúil.
    (iii) Bhí an Comhlacht Rialaithe sásta leis na dearbhuithe, na míniúcháin agus an fhaisnéis a cuireadh ar fáil sna tuarascálacha foirmiúla ó gach fochuideachta.

(iv) Nocht an Institiúid sonraí maidir le gach scairshealbhú agus leas a bhí coinnithe ag an Institiúid i gcuideachtaí seachtracha (mac-chuideachtaí, comhfhiontair agus gach scairshealbhú eile i gcuideachtaí) sna ráitis airgeadais iniúchta.

(v) Ní raibh aon chostas ar an Státchiste maidir le haon socrú airgeadais a bhain le haon chomhfhiontar nó socrú eile den chineál céanna (lena n-áirítear iasachtaí, díbhinní nó aon chineál maoinithe eile a chuir an HEI ar fáil nuair a bunaíodh an comhfhiontar/ socrú agus as sin amach).

**30. Maoin Intleachtúil (IP) agus Coinbhleacht Leasa:**

(i) Tá beartas maoine intleachtúla i bhfeidhm ag an Ollscoil; Beartas, Cleachtas agus Rialacháin maidir le Maoin Intleachtúil (an Beartas) (ceadaithe i mí na Samhna 2022).

(ii) Leagtar amach i Roinn 11.3 den Bheartas próiseas chun coinbhleachtaí leasa a dhearbhú agus a bhainistiú mar a bhaineann siad le Beartas Maoine Intleachtúla Choláiste na Tríonóide. Cuirtear Dearbhuithe Leasa a chuirtear faoi bhráid Nuálaíocht agus Fiontraíocht na Tríonóide faoi bhráid Rúnaí an Choláiste ar bhonn bliantúil agus tuairiscítear don Bhord iad.

(iii) Is í an Rannóg Nuálaíochta agus Fiontraíochta i gColáiste Tríonóide, i gcomhar leis an Rannóg Seirbhísí Airgeadais, a bhainistíonn ioncam ó mhac-chuideachtaí agus íoctar an t-ioncam amach leis na páirtithe de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach sa Pholasaí, Cleachtas agus Rialacháin maidir le Maoin Intleachtúil. Cuireann Leas-Aturnae an Choláiste tacaíocht dhlíthiúil ar fáil maidir le comhaontuithe dlíthiúla a bhaineann le cothromas Choláiste na Tríonóide i mac-chuideachtaí. Tuairiscítear ainmneacha na mac-chuideachtaí ar fad ina bhfuil sciar cothromais ag Coláiste na Tríonóide d'iniúchóirí airgeadais na hOllscoile ar bhonn bliantúil trí Rannóg Seirbhísí Airgeadais Choláiste na Tríonóide. Ón tréimhse 2025/26 ar aghaidh, tuairisceofar ainmneacha na mac-chuideachtaí ar fad de chuid Choláiste na Tríonóide a bhfuair Coláiste na Tríonóide ioncam astu don Bhord ar bhonn bliantúil.

(iv) Roinntear glanfáltais tráchtálaithe a eascraíonn as tráchtálú maoine intleachtúla na Tríonóide le haireagóirí de réir alt 6 den Bheartas IP ag Nuálaíocht agus Fiontraíocht na Tríonóide le tacaíocht ó Rannóg Seirbhísí Airgeadais Choláiste na Tríonóide. Ón tréimhse 2025/26 ar aghaidh, gheobhaidh an Bord dearbhú go bhfuil sochair foirne a bhainistíonn Nuálaíocht agus Fiontraíocht na Tríonóide i gcomhréir le beartas na hOllscoile agus leis an bPrótacal IP.

**31. Prionsabail an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le Dea-chleachtas i dTaighde in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann:** Is féidir le Coláiste na Tríonóide a dheimhniú gur chloígh an Ollscoil leis na prionsabail taighde dea-chleachtais mar atá leagtha amach i gcreat an Údaráis um Ard-Oideachas.

**32. Slándáil TF:** Tá Coláiste na Tríonóide sásta go bhfuil bearta agus rialuithe leordhóthanacha slándála teicniúla TFC curtha i bhfeidhm aige chun a chinntiú go ndéantar rúndacht, ionracas agus infhaighteacht sonraí ar gach córas atá á bhainistiú ag na feidhmeanna lárnacha TFC agus Airgeadais a ráthú.

**33. Bainistiú Riosca:**

(i) Bhí creat bainistithe riosca i bhfeidhm agus curtha i ngníomh ag an Institiúid chomh maith le próisis chun rioscaí gnó nua agus rioscaí gnó atá ann a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú.

(ii) Tá Clár Riosca na hOllscoile faoi athbhreithniú agus faoi mhionleasú i gcónaí agus cuirtear os comhair an Bhoird é ar bhonn bliantúil.

**34. Saincheisteanna Ginearálta Rialachais agus Cuntasachta:**

(i) De réir an Chomhaontaithe Maoirseachta idir Coláiste na Tríonóide agus an tÚdarás um Ard-Oideachas, is féidir le Coláiste na Tríonóide a dheimhniú gur choinnigh Oifigeach an Choláiste ábhartha an tÚdarás um Ard-Oideachas ar an eolas, ar bhonn tráthúil, faoi aon saincheist rialachais, imní nó mór-riosca a tháinig chun cinn don Institiúid sa tréimhse tuairiscithe.

(ii) Is féidir le Coláiste na Tríonóide a dheimhniú freisin nach bhfuil aon saincheist eile maidir le rialachas nó cuntasacht le tarraingt anuas ag an tráth seo.

Thar ceann Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

| | |
|---|---|
| _________________________ | _________________________ |
| **Paul Farrell** | **An Dr Linda Doyle** |
| Cathaoirleach | Propast |

**An 25 Márta 2026**





# Tuarascáil iniúchóirí neamhspleácha do Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

## Tuarascáil ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim

Is é ár dtuairim, go dtugann ráitis airgeadais chomhdhlúite agus ráitis airgeadais Ollscoile (na "ráitis airgeadais") Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath:

- léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí an ghrúpa agus na hOllscoile amhail an 30 Meán Fómhair 2025 agus ar bharrachas an ghrúpa agus na hOllscoile agus ar shreafaí airgid an ghrúpa don bhliain dar chríoch an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir Chleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn (caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA, lena n-áirítear an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, "An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa RA agus in Éirinn").

Rinneadh iniúchadh ar na ráitis airgeadais, atá san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite, ina bhfuil:

- an Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar an Staid Airgeadais faoin 30 Meán Fómhair 2025;
- an Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hIoncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch sin;
- an Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an dáta sin;
- an Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Athruithe Chúlchiste don bhliain dar chríoch an dáta sin; agus
- na nótaí leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear cur síos ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

## An bonn atá leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) ("ISAnna (Éire)"). Déantar breis cur síos ar na freagrachtaí atá orainn faoi na ISAnna (Éire) inár dtuarascáil sa chuid Freagrachtaí na nIniúchóirí i ndáil le hIniúchadh na Ráiteas Airgeadais. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn leordhóthanach agus oiriúnach chun bunús a chur ar fáil dár dtuairim.

### Neamhspleáchas

Táimid neamhspleách ar an ngrúpa de réir na gceanglas eiticiúla atá ábhartha dár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear Caighdeán Eiticiúil an IAASA, agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta againn de réir na gceanglas sin.

## Conclúidí i ndáil le gnóthas leantach

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon neamhchinnteachtaí ábhartha aitheanta againn maidir le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh, bíodh sin ar bhonn aonair nó go comhpháirteach, ar chumas an ghrúpa nó na hOllscoile leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó thugtar údarú na ráitis airgeadais a eisiúint.

Tá cinnte againn, agus iniúchadh déanta ar na ráitis airgeadais, go bhfuil an úsáid a bhaineann an Bord as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú oiriúnach.

Ó tharla nach féidir imeachtaí ná coinníollacha ar fad na todhchaí a thuar, áfach, ní hionann an ráiteas seo agus dearbhú i leith cumas an ghrúpa ná na hOllscoile leanúint mar ghnóthas leantach.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí an Bhoird maidir le gnóthas leantach i gcodanna ábhartha den tuarascáil seo.

## Tuairisc ar fhaisnéis eile

Tá an fhaisnéis eile comhdhéanta den fhaisnéis ar fad atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais

Chomhdhlúite, agus i Ráitis Airgeadais na hOllscoile seachas i ráitis airgeadais agus tuarascáil na n-iniúchóirí ina leith. Is é an Bord atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Ní bhaineann an tuairim a thugaimid ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile agus, dá réir sin, ní thugaimid tuairim iniúchta ná aon chineál deimhniú i leith na faisnéise sin seachas a mhéid a luaitear go sonrach sa tuarascáil seo.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Sa chás go n-aithnímid neamhréireacht ábhartha nó míráiteas ábhartha, éilítear orainn tabhairt faoi nósanna imeachta chun a shocrú cibé an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha déanta ar an bhfaisnéis eile. Más é an tátal a bhainimid amach, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, gurb ann do mhíráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile seo, tá dualgas orainn tuairisc a thabhairt faoi sin. Níl aon ní le tuairisciú againn bunaithe ar na freagrachtaí seo.

*An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an "Cód Cleachtais")*

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an "Cód Cleachtais") ceanglaítear orainn tuairisciú chugat mura léirítear sa ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, a éilítear faoin gCód Cleachtais agus atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Chórais Rialaithe Inmheánaigh sa Tuarascáil Bhliantúil, comhlíonadh na hOllscoile i dtaca le mír 2.7 den Chód Cleachtais, nó mura bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá ar fáil dúinn ónár gcuid oibre iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais. Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis an bhfreagracht seo.

# Freagrachtaí maidir leis na ráitis airgeadais agus an t-iniúchadh

## Freagrachtaí an Bhoird i leith na ráiteas airgeadais

Faoi mar a míníodh níos iomláine sa Ráiteas Freagrachtaí an Bhoird atá leagtha amach ar leathanach 13, tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chreata infheidhme agus a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom.

Tá an Bord freagrach as rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá an Bord freagrach as cumas an ghrúpa agus na hOllscoile leanúint ar aghaidh ina ghnóthas leantach a mheas, ag nochtadh, nuair is cuí, ábhar a bhaineann le gnóthas leantach agus úsáid a bhaint as bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh, sin mura bhfuil sé i gceist ag an mBord an grúpa nó an Ollscoil a leachtú nó deireadh a chur le hoibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réalaíoch eile ann ach sin a dhéanamh.

## Freagrachtaí na nIniúchóirí i ndáil le hiniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuid cuspóirí cinnteacht réasúnta a fháil cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé an calaois nó earráid is cúis leo, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil ár dtuairim. Is cinnteacht ag ardleibhéal atá i gceist le cinnteacht réasúnta, ach ní dearbhú é sin go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna (Éire) ar aon mhíráiteas ábhartha má bhíonn a leithéid i gceist ann. Is féidir le míráitis teacht chun cinn de bharr calaoise nó earráide agus breithnítear gur míráitis ábhartha atá i gceist, astu féin nó go comhiomlán, más rud é go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta a ghlacfadh úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Is féidir le tástáil a dhéanamh ar ghrúpaí iomlána maidir le hidirbhirt agus iarmhéideanna áirithe a bheith i gceist leis an tástáil iniúchta, trí úsáid a bhaint seans as teicnící iniúchóireachta sonraí. Bíonn i gceist leis sin áfach líon teoranta de mhíreanna a roghnú lena dtástáil seachas grúpaí iomlána a thástáil. Féachfaimid go minic díriú ar mhíreanna áirithe lena dtástáil bunaithe ar a méid nó ar a dtréithe riosca. I gcásanna eile, bainimid úsáid as samplú iniúchóireachta lena chur ar ár gcumas teacht ar chonclúid maidir leis an ngrúpa ónar tógadh an sampla.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais ar fáil ar shuíomh gréasáin IAASA ag: https://iaasa.ie/wp-content/uploads/docs/media/IAASA/Documents/audit-standards/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Is cuid de thuarascáil na n-iniúchóirí an cur síos seo.

## Úsáid na tuarascála seo

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do Bhord na hOllscoile agus don Bhord sin amháin, agus níor ullmhaíodh í chun críoch ar bith eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus muid ag léiriú an tuairim seo, as aon chríocha eile ná as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sé dul, lena n-áirítear gan teorainn faoi aon oibleagáidí conarthacha na hOllscoile, seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte
Baile Átha Cliath
25 Márta 2026

**Is aistriúchán é an leagan Gaeilge den tuarascáil iniúchta, chun críocha eolais, ar thuarascáil bhunaidh an Iniúchóra a eisíodh i mBéarla. Sa chás go bhfuil difríocht idir an leagan Béarla den tuarascáil seo agus aistriúchán uirthi go teanga seachas Béarla, is é an leagan Béarla a bheidh i réim.**



# Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hIoncam Cuimsitheach

| | | Bliain dar chríoch 30 M.F. 2025 | | Bliain dar chríoch 30 M.F. 2024 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | Comhdhlúite €'000 | Ollscoil €'000 | Comhdhlúite €'000 | Ollscoil €'000 |
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontais Stáit | 2 | 95,828 | 95,828 | 85,215 | 85,215 |
| Táillí acadúla | 3 | 224,485 | 224,485 | 209,470 | 209,029 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 4 | 133,926 | 133,926 | 123,740 | 123,740 |
| Ioncam eile | 5 | 93,943 | 92,672 | 88,359 | 88,056 |
| Ioncam infheistíochta | 6 | 14,024 | 13,476 | 16,170 | 15,257 |
| Maoiniú iarchurtha do phinsin | 29 | 97,275 | 97,275 | 107,019 | 107,019 |
| Amúchadh deontas caipitil | 21 | 7,611 | 7,611 | 6,856 | 6,856 |
| **Ioncam iomlán roimh dheonacháin agus dearlaicí** | | **667,092** | **665,273** | **636,829** | **635,172** |
| Deonacháin agus dearlaicí | 7 | 31,388 | 31,174 | 27,904 | 29,990 |
| **Ioncam iomlán** | | **698,480** | **696,447** | **664,733** | **665,162** |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais foirne | 8 | 393,800 | 386,907 | 361,528 | 354,993 |
| Costais seirbhíse pinsin | 29 | 32,558 | 32,558 | 33,694 | 33,694 |
| Caiteachas oibriúcháin eile | 9 | 149,440 | 155,406 | 142,229 | 145,146 |
| Ús agus costais airgeadais eile | 10 | 7,488 | 7,488 | 8,047 | 8,047 |
| Dímheas | 12 | 33,192 | 32,891 | 30,510 | 30,486 |
| Costas úis pinsin | 29 | 64,717 | 64,717 | 73,325 | 73,325 |
| **Caiteachas iomlán** | | **681,195** | **679,967** | **649,333** | **645,691** |
| **Barrachas roimh ghnóthachain agus caillteanais eile** | | **17,285** | **16,480** | **15,400** | **19,471** |
| Caillteanas ar athluacháil maoine infheistíochta | 14 | (385) | (385) | (1,912) | (1,912) |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | 13 | 16,761 | 16,470 | 36,694 | 36,114 |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | 62 | 62 | - | - |
| **Barrachas roimh cháin** | | **33,723** | **32,627** | **50,182** | **53,673** |
| Cánachas | 11 | - | - | - | - |
| **Barrachas don bhliain** | | **33,723** | **32,627** | **50,182** | **53,673** |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach i leith scéimeanna | 29 | 158,349 | 158,349 | (192,449) | (192,449) |
| Gluaiseacht ar chearta cúitimh scoir | 29 | (158,349) | (158,349) | 192,449 | 192,449 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **33,723** | **32,627** | **50,182** | **53,673** |
| Arna léiriú ag: | | | | | |
| Ioncam cuimsitheach Dearlaice | 22 | 21,543 | 21,543 | 40,461 | 40,461 |
| (Caillteanas)/ioncam cuimsitheach srianta | 23 | 1,384 | - | (3,945) | - |
| Ioncam cuimsitheach neamhshrianta | | 10,796 | 11,084 | 13,666 | 13,212 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **33,723** | **32,627** | **50,182** | **53,673** |

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leanúnacha.

# Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hAthruithe sa Chúlchiste

| | An cúlchiste ioncaim agus caiteachais | | | Cúlchiste | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | Dearlaic | Srianta | Neamhshrianta | Athluachála | |
| **Comhdhlúite** | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023** | **262,406** | **22,371** | **13,804** | **517,993** | **816,574** |
| Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | 40,461 | 27,212 | (17,491) | - | 50,182 |
| Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain | - | (31,157) | 31,157 | - | - |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | 40,461 | (3,945) | 13,666 | - | 50,182 |
| **Iarmhéid an 30 Meán Fómhair 2024** | **302,867** | **18,426** | **27,470** | **517,993** | **866,756** |
| Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | 21,543 | 29,130 | (16,950) | - | 33,723 |
| Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain | - | (27,746) | 27,746 | - | - |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | 21,543 | 1,384 | 10,796 | - | 33,723 |
| **Iarmhéid an 30 Meán Fómhair 2025** | **324,410** | **19,810** | **38,266** | **517,993** | **900,479** |

| | An cúlchiste ioncaim agus caiteachais | | | Cúlchiste | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | Dearlaic | Srianta | Neamhshrianta | Athluachála | |
| **Ollscoil** | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023** | **262,406** | **-** | **3,539** | **517,993** | **783,938** |
| Barrachas ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | 40,461 | - | 13,212 | - | 53,673 |
| Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain | - | - | - | - | - |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | 40,461 | - | 13,212 | - | 53,673 |
| **Iarmhéid an 30 Meán Fómhair 2024** | **302,867** | **-** | **16,751** | **517,993** | **837,611** |
| Barrachas ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | 21,543 | - | 11,084 | - | 32,627 |
| Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain | - | - | - | - | - |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | 21,543 | - | 11,084 | - | 32,627 |
| **Iarmhéid an 30 Meán Fómhair 2025** | **324,410** | **-** | **27,835** | **517,993** | **870,238** |

# Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir leis an Staid Airgeadais

| | | Amhail an 30 M.F. 2025 | | Amhail an 30 M.F. 2024 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | Comhdhlúite | Ollscoil | Comhdhlúite | Ollscoil |
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní Neamh-reatha** | | | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | 12 | 1,202,450 | 1,163,216 | 1,183,698 | 1,148,730 |
| Sócmhainní dearlaice agus sócmhainní infheistíochta | 13 | 316,261 | 316,261 | 295,043 | 295,043 |
| Maoin Infheistíochta | 14 | 20,272 | 20,272 | 38,107 | 38,107 |
| | | **1,538,983** | **1,499,749** | **1,516,848** | **1,481,880** |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Trádáil agus infháltais eile | 15 | 89,198 | 123,331 | 87,965 | 108,713 |
| Fardail | 16 | 614 | 614 | 586 | 586 |
| Infheistíochtaí* | 17 | 94,680 | 94,680 | 95,240 | 95,240 |
| Airgead agus coibhéisí airgid* | 25 | 111,824 | 107,171 | 125,587 | 118,798 |
| | | **296,316** | **325,796** | **309,378** | **323,337** |
| Lúide: Creidiúnaithe - méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 18 | (373,022) | (394,484) | (373,033) | (382,278) |
| **Glandliteanais reatha** | | **(76,706)** | **(68,688)** | **(63,655)** | **(58,941)** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **1,462,277** | **1,431,061** | **1,453,193** | **1,422,939** |
| Creidiúnaithe – méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 19 | (561,798) | (560,823) | (586,437) | (585,328) |
| **Forálacha** | | | | | |
| Dliteanais sochair scoir | 29 | (1,767,045) | (1,767,045) | (1,849,055) | (1,849,055) |
| Sócmhainn infhaighte shochair scoir neamhreatha | 29 | 1,767,045 | 1,767,045 | 1,849,055 | 1,849,055 |
| **Glansócmhainní iomlána** | | **900,479** | **870,238** | **866,756** | **837,611** |
| **Cúlchistí srianta** | | | | | |
| Ioncam agus caiteachas – dearlaic bhuan | 22 | 324,410 | 324,410 | 302,867 | 302,867 |
| Ioncam agus caiteachas - srianta | 23 | 19,810 | - | 18,426 | - |
| **Cúlchistí neamhshrianta** | | | | | |
| Ioncam agus caiteachas - neamhshrianta | | 38,266 | 27,835 | 27,470 | 16,751 |
| Cúlchiste athluachála | 24 | 517,993 | 517,993 | 517,993 | 517,993 |
| **Cúlchistí iomlána** | | **900,479** | **870,238** | **866,756** | **837,611** |

*Athrangú ar thaiscí gearrthéarmacha nár chomhlíon na critéir le bheith aicmithe mar airgead tirim agus coibhéisí airgid, toisc go raibh aibíocht bhunaidh níos faide ná trí mhí ag infheistíochtaí gearrthéarmacha áirithe, ó airgead tirim agus coibhéisí airgid go hinfheistíochtaí gearrthéarmacha €45.15m, léirithe sa bhliain roimhe sin (féach Nótaí 17 agus 25).
Cheadaigh Bord na hOllscoile na ráitis airgeadais ó leathanaigh 33 go 72 an 25 Márta 2026 agus tá siad sínithe thar ceann an Bhoird ag:

**An Dr Linda Doyle**
Propast
**An 25 Márta 2026**

**Louise Ryan**
Príomhoifigeach Airgeadais

# Ráiteas Comhdhlúite maidir le Sreabhadh Airgid

| | Nótaí | Amhail an 30 M.F. 2025 €'000 | Amhail an 30 M.F 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas don bhliain | | 33,723 | 50,182 |
| **Coigeartú i leith míreanna neamhairgid** | | | |
| Dímheas | 12 | 33,192 | 30,510 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | 21 | (7,611) | (6,856) |
| Caillteanas ar athluacháil maoine infheistíochta | 14 | 385 | 1,912 |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | (62) | - |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | 13 | (16,761) | (36,694) |
| Sócmhainní a dheonú | | (345) | - |
| **Coigeartú i leith míreanna caipitil oibre** | | | |
| Ardú ar fhardail | 16 | (28) | (51) |
| Méadú ar infháltais | 15 | (837) | (10,233) |
| (Laghdú)/ardú ar chreidiúnaithe | 18, 19 | (17,174) | 11,605 |
| **Coigeartú i leith gníomhaíochtaí infheistíochta nó airgeadais** | | | |
| Ioncam infheistíochta | 6 | (14,024) | (16,170) |
| Ús iníoctha | 10 | 7,488 | 8,047 |
| Dearlaicí nua a fuarthas | 22 | (273) | (460) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | | **17,673** | **31,792** |
| **Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Deontais chaipitil faighte | | 12,452 | 5,947 |
| Ioncam infheistíochta | | 14,024 | 16,170 |
| Diúscairt ar infheistíochtaí sócmhainní neamh-reatha | 13 | 9 | 2,905 |
| Diúscairt ar infheistíochtaí eile | 13 | 3,318 | 3,622 |
| Íocaíochtaí chun infheistíochtaí sócmhainní neamh-reatha a fháil | 13 | (7,573) | (4,387) |
| Íocaíochtaí chun infheistíochtaí eile a fháil | 13 | (211) | (199) |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a fháil | | (32,054) | (61,390) |
| Aistriú ó thaiscí* | 17 | 560 | 61,660 |
| Airgead tirim dearlaice nua a fuarthas | 22 | 273 | 460 |
| **Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(9,202)** | **24,788** |
| **Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais** | | | |
| Ús íoctha | 10 | (6,515) | (6,658) |
| Gné chaipitil d'íocaíochtaí cíosa léasa airgeadais | 20 | (2,160) | (1,838) |
| Gné úis d'íocaíochtaí cíosa léasa airgeadais | 10 | (3,006) | (3,119) |
| Aisíocaíochtaí iasachta | | (10,553) | (6,918) |
| Iasachtaí nua gan urrús a tarraingíodh anuas | | - | - |
| **Glan eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(22,234)** | **(18,533)** |
| **(Laghdú)/méadú ar airgead tirim agus a choibhéis sa bhliain** | | **(13,763)** | **38,047** |
| Airgead tirim agus a choibhéis ag tús na bliana* | 25 | 125,587 | 87,540 |
| **Airgead tirim agus a choibhéis ag deireadh na bliana** | **25** | **111,824** | **125,587** |

* Athrangú ar thaiscí gearrthéarmacha nár chomhlíon na critéir le bheith aicmithe mar airgead tirim agus coibhéisí airgid, toisc go raibh aibíocht bhunaidh níos faide ná trí mhí ag infheistíochtaí gearrthéarmacha áirithe, ó airgead tirim agus coibhéisí airgid go hinfheistíochtaí gearrthéarmacha €45.15m, léirithe sa bhliain roimhe sin (féach Nótaí 17 agus 25).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

**Is ionann ráitis airgeadais na hÉireann agus aistriúchán, chun críocha eolais, ar na bunráitis airgeadais reachtúla ISA (Éire) a ullmhaíodh i mBéarla.**

## 1. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

### Bunús an ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais freisin de réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102 - FRS 102 agus an Ráitis Chleachtais Mholta (“SORP”) - Cuntasaíocht d’Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2019), arna n-eisiúint ag Bord FE/HE SORP sa RA, ar ghlac an Ollscoil leis go toilteanach. Is eintiteas sochair phoiblí í an Ollscoil agus, dá bhrí sin, tá riachtanais ábhartha sochair phoiblí na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme curtha i bhfeidhm aici.

### Coinbhinsiún cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, arna mhionathrú ag athluacháil talún agus foirgneamh áirithe agus sócmhainní dearlaice a dtuairiscítear ag a luach cóir.

### Gnóthas Leantach

Ghin an Ollscoil agus an Grúpa barrachas €33.7m (2024: barrachas €50.2m) sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2025. Bhí glandliteanais reatha €76.7m aici (2024: glandliteanais reatha €63.7m) agus bhí glansócmhainní €900.5m (2024: €866.8m) aici. Cé go raibh an Grúpa i riocht glandliteanais reatha, baineann gné shuntasach de na dliteanais reatha le maoiniú Deontais Taighde agus Tionscadail a fuarthas roimh ré, rud atá ina ghnáthchleachtas ar fud na hearnála ardoideachais. Is tionscadail ilbhliantúla iad sin agus ní chaithfí go hiomlán iad laistigh den 12 mhí amach romhainn. Tá €206.5m i gcúlchistí airgid ag an nGrúpa ag an 30 Meán Fómhair 2025 (2024: €220.8m) agus saoráid chreidmheasa imrothlaigh €20m le AIB ar fáil ag deireadh na bliana, atá fós gan tarraingt anuas tráth an tsínithe. Tá cúlchistí leordhóthanacha in airgead tirim ag an nGrúpa chun a dhliteanais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite gan gá leis an tsaoráid seo.

Measann an Bord go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an Ollscoil agus ag an nGrúpa chun leanúint i mbun feidhme amach anseo agus chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad tar éis dóibh na ráitis airgeadais a shíniú agus is ar an gcúis sin a leantar de bhonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh nuair atáthar i mbun na ráitis airgeadais a ullmhú.

### Bunús comhdhlúite

Áirítear i ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa an Ollscoil agus a fochuideachtaí (mar a shainmhínítear sa SORP); Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe Ghala, Seirbhísí Tráchtála Branda Choláiste na Tríonóide Teoranta, Fondúireacht Choláiste na Tríonóide, Iontaobhas Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Cumann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ciste Ollscoil Átha Cliath agus Iontaobhas Londan do Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Déantar cuntas do Chiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide laistigh de ráitis airgeadais ar leithligh na hOllscoile de réir an SORP. Ní dhearnadh gnóthais eile a bhfuil suim ag an Ollscoil iontu, mar atá léirithe i Nóta 28, a chomhdhlúthú de bhonn neamhábharthachta nó nach bhfuil siad faoi rialú na hOllscoile. Faightear réidh le hioncam agus le caiteachas ion-Ghrúpa go hiomlán arna gcomhdhlúthú.

Ní dhearnadh ráitis airgeadais na gCistí Pinsin agus na gComhlachtaí Caipitíochta a chomhdhlúthú ó tharla nach bhfuil siad faoi rialú na hOllscoile.

### Maoiniú Pinsean Iarchurtha

Chun comhsheasmhacht le hollscoileanna eile san earnáil a chinntiú, taispeántar costas úis pinsin agus costas seirbhíse mar mhíreanna ar leith faoi chaiteachas sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim Chuimsithigh. Cuirtear an maoiniú comhfhreagrach le haghaidh dliteanais reachtúla i láthair mar mhaoiniú iarchurtha do phinsin faoi ioncam.

### Aitheantas Ioncaim

Aithnítear deontais atarlaithe ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Déileáiltear le deontais neamhatarlaithe ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí rialtais eile a fhaightear i ndáil le fáil nó le tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus amúchtar iad ag teacht le dímheas thar shaol na sócmhainní.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 1. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Aithnítear ioncam ó tháillí acadúla ar bhonn fabhraithe go cothrom thar thréimhse bliana ó thús na bliana acadúla, an chéad lá de théarma na Féile Michíl gach bliain. De bharr go dtosaíonn téarma na Féile Michíl ag deireadh mhí Lúnasa go hiondúil, léirítear sa bhliain airgeadais eilimintí de tháillí acadúla a bhaineann le dhá bhliain acadúla ar leith.

Tá ioncam ó dheontais thaighde, ó chonarthaí agus ó sheirbhísí soláthraithe eile san áireamh go dtí deireadh an chonartha nó na seirbhíse atá i gceist. Is ionann sin go ginearálta agus suim den chaiteachas cuí a tabhaíodh le linn na bliana agus aon ranníocaíochtaí i dtreo forchostas.

Caitear le hioncam ó chomhaontaithe lamháltais mar ioncam tarchurtha agus cuirtear chun sochar an Ráitis maidir le hIoncam Cuimsitheach é de réir an chirt chun comaoine a thuilltear de réir na dtéarmaí conartha.

Tá scairshealbhuithe mionlaigh ag an Ollscoil i roinnt cuideachtaí campais. Is €nialas luach anonn na n-infheistíochtaí sin sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais. Aithnítear ioncam ó chuideachtaí campais, as dífheistiú scairshealbhuithe cothromais na hOllscoile, mar Ioncam Eile sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh.

### Deonacháin agus dearlaicí

Déantar ioncam infheistíochta agus luachmhéadú dearlaice a thaifeadadh san ioncam sa bhliain a dtagann siad i gceist, agus mar ioncam srianta nó neamhshrianta, de réir na dtéarmaí a bhaineann leis an gCiste Dearlaice. Tá ceithre phríomhchineál deonacháin agus dearlaice taobh istigh de chúlchistí.

*1. Deonacháin shrianta*

Tá sé sonraithe ag an deontóir go gcaithfear an deonachán a úsáid do chuspóir ar leith.

*2. Dearlaicí buana neamhshrianta*

Tá sé sonraithe ag an deontóir go bhfuil an maoiniú le hinfheistiú feasta chun sreabhadh ioncaim a ghiniúint do leas na hOllscoile go ginearálta.

*3. Dearlaicí inídithe srianta*

Tá cuspóir ar leith sonraithe ag an deontóir seachas sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach nó a thógáil, agus tá de chumhacht ag an Ollscoil an caipiteal a úsáid.

*4. Dearlaicí buana srianta*

Tá sé sonraithe ag an deontóir go bhfuil an maoiniú le hinfheistiú feasta chun sreabhadh ioncaim a ghiniúint ar mhaithe le cuspóir ar leith.

Is deonacháin agus dearlaicí idirbhearta nach bhfuil coinníollacha feidhmíochta ag baint leo. Aithnítear deonacháin agus dearlaicí atá curtha i bhfeidhm ag an deontóir taobh istigh den Ráiteas Comhdhlúite maidir le hIoncam Cuimsitheach nuair a bheidh an Ollscoil i dteideal na gcistí. Coinnítear ioncam taobh istigh den chúlchiste srianta nó go mbaintear leas as de réir na srianta sin. Is ag an bpointe sin a scaoiltear leis an ioncam chuig cúlchistí neamhshrianta trí aistriú cúlchiste. Taifeadtar deonacháin nach bhfuil aon srianta orthu taobh istigh den Ráiteas Comhdhlúite maidir le hIoncam Cuimsitheach nuair a fhaightear iad nó nuair is féidir iad a fháil.

### Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, rinneadh go leor meastachán, breithiúnais agus boinn tuisceana a bhfuil tionchar acu ar mhéideanna a thuairiscítear mar shócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas. Déantar na meastacháin agus na boinn tuisceana a úsáidtear a athbhreithniú ar bhonn leanúnach trí úsáid a bhaint as taithí stairiúil agus as tosca eile lena n-áirítear an méid a mbeifear ag súil le himeachtaí amach anseo a chreidtear a bheith réasúnach faoi mar atá cúrsaí.

Is iad seo a leanas na príomhmheastacháin chuntasaíochta agus boinn tuisceana a úsáidtear sna ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2025 a bhfuil riosca suntasach ag baint leo go ndéanfar coigeartú ábhartha ar mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas a iompar laistigh den chéad bhliain airgeadais eile:

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## 1. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

*1. Maoin, Fearas agus Trealamh*
Ríomhtar dímheas le haghaidh sócmhainní seasta inláimhsithe de réir meastachán agus boinn tuisceana ar shaol eacnamaíoch úsáideach agus luach iarmharach measta na sócmhainne. Féach nóta 12 le haghaidh méid iompair na sócmhainní inláimhsithe agus nóta beartais chuntasaíochta 1 os a chionn ina leagtar amach UEL le haghaidh gach aicme sócmhainní.

*2. In-aisghabhálacht Féichiúnaithe*
Ríomhtar an soláthar do dhrochfhiach de réir ionchas an lucht bainistíochta maidir le hin-aisghabhálacht féichiúnaithe. Agus an soláthar do dhrochfhiacha á ríomh, cuirtear na fachtóirí seo a leanas san áireamh: an t-achar atá na fiacha amuigh, an stair a bhaineann le coinníollacha iasachtaí a chomhlíonadh roimhe seo, scéal an fhéichiúnaí faoi láthair agus cúinsí reatha margaidh. Féach nóta 15 le haghaidh shuim ghlanluacha an infháltais (na n-infháltas) agus na bhforálacha maidir le drochfhiachas a bhaineann leis.

Tá na príomh-bhreithiúnais chuntasaíochta a úsáideadh sna ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2025, mar seo a leanas:

*1. Soláthair Phinsin*
Ríomhtar an soláthar pinsin bunaithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha a chuireann achtúire ar fáil gach bliain. Tá san áireamh leis na boinn tuisceana achtúireachta, rátaí lascaine, méaduithe tuarastail, méaduithe pinsin agus rátaí boilscithe. Leis na boinn tuisceana agus na meastacháin a úsáidtear chun costas na tréimhse airgeadais a ríomh, léirítear taithí stairiúil agus treochtaí reatha. Féach nóta 29 maidir leis na nochtaí a bhaineann leis na pleananna pinsin atá i bhfeidhm san Ollscoil (Sochar Sainithe, Ranníocaíocht agus PRSA).

*2. Maoin Infheistíochta*
Tomhaistear maoin infheistíochta ag luach cothrom. Déanann luachálaí neamhspleách proifisiúnta athluacháil ar mhaoin infheistíochta gach bliain. Féach nóta nochta 14.

*3. Laguithe*
Baintear úsáid as breithiúnas chun a chinneadh cé acu an dtugtar le tuiscint nó nach dtugtar le tuiscint go bhfuil lagú déanta ar shócmhainní na hOllscoile.

## Sócmhainní seasta inláimhsithe

*1. Talamh agus Foirgnimh*
Rinne an Ollscoil athluacháil ar a cuid talún ar bhonn luach cothrom amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014 (dáta an athraithe go dtí FRS102) agus úsáidtear na luachanna athbhreithnithe anois mar chostas measta na talún. Ní dhímheastar talamh ruílse.

Rinne Bord na hOllscoile foirgnimh na hOllscoile a luacháil i 1998 ar chostas caighdeánach €2,413 an méadar cearnaithe. Áirítear foirgnimh a fuarthas ón luacháil sin i leith sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ag costas lúide dímheas carntha. Dímheastar foirgnimh thar a saol úsáideach measta eacnamaíoch don Ollscoil idir 25 bliain agus 87 bliain. In 2017, rinne luachálaí maoine gairmiúil seachtrach athbhreithniú ar an saol úsáideach a bhí fanta ag roinnt de mhaoine na hOllscoile a thabhairt chun críche. Bhreithnigh siad saol eacnamaíoch measta ina mbainfidh an Ollscoil úsáid as na foirgnimh sin agus luadh gur ar mhaithe le húsáid acadúla, oideachais nó taighde nó úsáidí gaolmhara eile lena n-áirítear cóiríocht do mhic léinn a úsáideadh na foirgnimh sin go príomha.

Nuair a fhaightear foirgnimh le cabhair ó dheontais shainiúla rialtais déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas mar atá thuas. Cuirtear na deontais ghaolmhara chun sochair cuntas ioncaim iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach thar saol eacnamaíoch úsáideach measta na sócmhainne gaolmhaire ar bhonn comhsheasmhach leis an mbeartas dímheasta.

Aithnítear gnéithe maoine maidir le sócmhainní foirgneamh tar éis an 1 Deireadh Fómhair 2018 agus déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas ar feadh a saoil seirbhíse. Dímheastar foirgnimh mar sin ar bhonn na líne dírí thar a saol úsáideach measta mar a leanas:

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## 1. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

| | |
|---|---|
| Struchtúr Foirgneamh | 80 bliain |
| Athchóiriú Foirgnimh | 50 bliain |
| Seirbhísí Leictreacha | 20 bliain |
| Seirbhísí Meicniúla | 20 bliain |

Déantar costais iasachtaíochta, a bhíonn inchurtha go díreach le tógáil talún agus foirgneamh, a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin.

*2. Daingneáin agus feistí agus trealamh*

Díscríobhtar trealamh le costas níos lú ná €10,000 in aghaidh gach earra ar leith go dtí an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach sa bhliain ina bhfaightear é. Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ag costas. Dímheastar trealamh caipitlithe thar a saol eacnamaíoch úsáideach mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Sócmhainní Léasaithe | 20 bliain nó príomhthréimhse léasa, más níos giorra |
| Daingneáin agus Feistí | 10 bliana |
| Trealamh Eile | 5 bliana |
| Bogearraí Ríomhaireachta | 5 bliana |
| Trealamh ríomhaireachta | 3 bliana |

Nuair a fhaightear trealamh le cabhair ó dheontais shainiúla rialtais, déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas de réir an bheartais thuas, leis an deontas gaolmhar curtha chun sochair cuntas deontais chaipitil iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach thar shaol eacnamaíoch úsáideach measta an trealaimh ghaolmhair sin. Muirearaítear costas na gnáthchothabhála ceartaithí chuig an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach sa tréimhse ar tabhaíodh é.

### Sócmhainní Oidhreachta

Sealbhaíonn agus coinníonn an Ollscoil sócmhainní oidhreachta ar leith amhail pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní nach féidir luach a chur orthu. Caomhnaíonn an Ollscoil na sócmhainní seo ar mhaithe le taighde agus teagasc agus ar mhaithe le hidirghníomhú idir an Ollscoil agus an pobal.

Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a fhaightear roimh 1 Deireadh Fómhair 2006 a chaipitliú sna ráitis airgeadais ó tharla go mbreithnítear nach féidir aon fhíor-luach a leagan orthu de bharr easpa eolais a bheith ann ar an gcostas a bhain le hiad a cheannach an chéad uair agus de bharr nach féidir na sócmhainní seo a réadú go réidh. Tá gach costas a tabhaíodh maidir lena gcaomhnú tugtha de réir mar a tabhaíodh iad.

Maidir le breiseanna sócmhainní Oidhreachta a fuarthas tar éis an 1 Deireadh Fómhair 2006, nach bhfuil á gcoinneáil chun críocha teagaisc agus taighde, déanann an Ollscoil iad seo a chaipitliú de réir a gcostas i gcás éadálacha de chuid na hOllscoile, nó de réir a luacha cothrom i gcás deonachán. Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a bhfuil luach €150,000 nó níos lú ná sin acu a chaipitliú sna ráitis airgeadais.

### Maoine Infheistíochta

Déantar maoine infheistíochta a thomhas ar dtús ag costas agus ina dhiaidh sin ar luach cothrom, agus gluaiseachtaí aitheanta sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach. Déanann luachálaithe gairmiúla neamhspleácha athluacháil ar mhaoin infheistíochta gach bliain agus ní dhéantar í a dhímheas ná a amúchadh.

### Infheistíochtaí

Luaitear infheistíochtaí ag na luachálacha seo a leanas:
Luaitear infheistíochtaí luaite ag luach an mhargaidh bunaithe ar phraghsanna a bhíonn i bhfeidhm ag dáta dheireadh na bliana.
Luaitear iontaobhais aonaid ag an glanluach sócmhainní arna lua ag na bainisteoirí infheistíochta ag dáta dheireadh na bliana.
Luaitear infheistíochtaí arna gcoinneáil i gcistí bainistithe agus i gcistí aonad nasctha ag praghsanna tairgthe amhail dáta dheireadh na bliana. Déantar luachanna margaidh infheistíochtaí a ainmnítear in airgeadraí coigríche a aistriú chuig euro trí na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag deireadh na bliana a úsáid.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## 1. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Tuairiscítear athruithe ar luach margaidh infheistíochtaí dearlaice sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach mar ghnóthachain nó mar chaillteanais ar infheistíochtaí.

Déantar infheistíochtaí eile airgeadais a lua ag luach cóir faoina ndéantar iad a thrádáil go poiblí nó faoinar féidir a luach cóir a thomhas go cruinn agus déantar iad a nochtadh faoi shócmhainní neamhreatha nó reatha ag brath ar leachtacht na punainne. Sa chás nach féidir an luach cóir a thomhas go cruinn ar bhonn an ghnóthais leantaigh, luaitear infheistíochtaí eile airgeadais ag costas (nó costas measta nuair is cuí maidir le hinfheistíochtaí a deonaíodh) lúide laige

### Fardail

Luaitear fardail ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú ar an mbunús an ceann is túisce isteach, is túisce amach. Nuair is gá leis, déantar soláthar d'fhardal críon, a bhíonn ag gluaiseacht go mall nó a bhíonn lochtach. Gearrtar caiteachas a thabhaíonn an Ollscoil ar leabhair agus ar fhardail inchaite ó dheontais atarlaithe chuig an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach.

### Cánachas

Ó tharla go bhfuil stádas díolúinte cánach ag an Ollscoil, ní bhíonn sí faoi dhliteanas Cáin Chorparáide ná Cáin Ioncaim ar aon cheann dá cuid gníomhaíochtaí carthanachta.
Déantar roinnt gníomhaíochtaí tráchtála a mbíonn an Ollscoil ina mbun a riar trí roinnt dá cuid fochuideachtaí, atá faoi dhliteanas cháin chorparáide.

Aithnítear cánachas iarchurtha i ndáil le fochuideachtaí, nach bhfuil stádas carthanais acu agus atá faoi dhliteanas cáin chorparáide dá bharr sin, i leith difríochtaí uainiúcháin uile a tharla ach nach ndearnadh iad a mhalartú amhail dáta an chláir chomhardaithe. Déantar soláthar maidir leis na rátaí a bhfuiltear ag súil leo nuair a dhéantar na difríochtaí uainiúcháin sin a mhalartú. Is ionann difríochtaí uainiúcháin agus difríochtaí idir brabús agus torthaí inchánach mar atá luaite sna ráitis airgeadais a eascraíonn nuair a áirítear gnóthachain agus caillteanais i mbrabús inchánach i dtréimhsí eile seachas sna tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Meastar gur féidir glansócmhainn cánach iarchurtha a in-aisghabháil agus dá bhrí sin, ní dhéantar é a aithint ach sa chás, ar bhonn na fianaise uile a bheidh ar fáil, gur féidir a mheas gur dócha go mbeidh brabús inchánach oiriúnach ann óna bhféadfar malairt na difríochta uainiúcháin a tharlóidh amach anseo a bhaint astu.

### Soláthairtí, dliteanais theagmhasacha agus sócmhainní teagmhasacha

Aithnítear soláthairtí sna ráitis airgeadais nuair:
a) a bhíonn oibleagáid reatha (dlí nó tógála) ar an Ollscoil mar thoradh ar imeacht san am a caitheadh,
b) a d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh aistriú sochair eacnamaíoch riachtanach chun an oibleagáid a shocrú; agus
c) is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar an méid a aithnítear mar sholáthar a chinneadh tríd an sreabhadh airgid a bhfuiltear ag súil leis amach anseo a lascainiú ag ráta roimh cháin a léiríonn na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas.

Tagann dliteanais theagmhasacha chun cinn mar thoradh ar imeacht a tharla san am a caitheadh a chuireann oibleagáid a d'fhéadfadh a bheith ann ar an Ollscoil ach nach ndéanfar an oibleagáid sin a dheimhniú ach sa chás is go dtarlódh imeachtaí neamhchinnte nó eile amach anseo nach mbeidh go hiomlán faoi rialú na hOllscoile. Tagann dliteanais theagmhasacha chun cinn chomh maith i gcásanna go mbeadh soláthar déanta de ghnáth murach sin ach go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh eis-sreabhadh acmhainne riachtanach nó ní bheifear ábalta méid na hoibleagáide a thomhas go hiontaofa.

Tagann sócmhainn teagmhasach chun cinn i gcás gur tharla imeacht a thugann sócmhainn a d'fhéadfadh a bheith ann don Ollscoil. Ní dhéanfar an tsócmhainn sin a dheimhniú ach amháin i gcás ina dtarlódh imeachtaí neamhchinnte nó eile amach anseo nach mbeidh go hiomlán faoi rialú na hOllscoile. Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha ná dliteanais theagmhasacha sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ach déantar iad a nochtadh sna nótaí de réir mar is gá.

### Léasanna airgeadais

Déantar léasanna ina nglacann an Ollscoil rioscaí agus luach saothair uile úinéireacht na sócmhainne léasaithe a chatagóiriú mar léasanna airgeadais. Bíonn na sócmhainní san áireamh i sócmhainní seasta agus léirítear an ghné chaipitil de na tiomantais ar léas mar oibleagáidí faoi léas airgeadais. Dímheastar sócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais thar shaol úsáideach na

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 1. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

sócmhainne gaolmhaire má tá cinnteacht réasúnta ann go bhfaighidh an Ollscoil úinéireacht orthu faoi dheireadh théarma an léasa. Seachas sin, dímheastar iad thar théarma ar léas nó thar shaol úsáideach, cibé acu is lú.

Ar dtús, nuair a bhíonn íocaíochtaí sceidealta níos lú ná an muirear úis don bhliain, cuirtear an ghné úis nár íocadh leis an oibleagáid cíosa atá fós gan íoc. Seachas sin caitear le cíosanna léasaithe mar chíosanna a bhfuil gnéithe caipitil agus úis san áireamh leo. Feidhmítear an ghné chaipitil chun na hoibleagáidí neamhíoctha a laghdú agus gearrtar an ghné úis ar an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach i gcomhréir leis an ngné chaipitil neamhíoctha atá ag laghdú.

**Léasanna oibríochta**
Gearrtar costais chíosa agus ioncam i leith léasanna oibríochta don Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach i méideanna comhionann bliantúla thar thréimhse an léasa.

**Ionstraimí airgeadais**
Airgead ar láimh, taiscí atá inaisíoctha ar éileamh agus rótharraingtí atá san airgead tirim. Infheistíochtaí gearrthéarmacha, fíorleachtacha is ea coibhéisí airgid atá in-chomhshóite go héasca go méideanna airgid atá ar eolas agus gan mórán baoil go dtiocfaidh athrú ar a luach. Áirítear leis seo infheistíochtaí i gCistí Airgid Margaidh a sholáthraíonn leachtacht laethúil agus a mheastar a chomhlíonann an sainmhíniú ar choibhéisí airgid. Cáilíonn éarlais mar choibhéis airgid nuair atá aibíocht 3 mhí aige nó níos lú ó dháta na fála. Rangaítear taiscí eile a bhfuil aibíochtaí níos faide mar infheistíochtaí.

Tá iasachtaí lamháltais faighte ag an Ollscoil ón mBanc Eorpach Infheistíochta chun a clár leanúnach infheistíochta caipitil a mhaoiniú. Is éard is iasachtaí lamháltais ann ná iasachtaí a thugtar nó a fhaightear idir Eintiteas Sochair Phoiblí (PBE) agus tríú páirtí, nó idir páirtithe i ngrúpa PBE, ar ráta níos ísle ná ráta úis an mhargaidh nach bhfuil inaisíoctha ar éileamh. De réir alt FRS 102, alt 34, tomhaistear na hiasachtaí ar dtús de réir an méid atá i gceist leo agus déantar iad a choigeartú chun aon ús fabhraithe agus/nó aisíocaíocht caipitil a léiriú.

**Sochair Scoir**
**Plean ranníocaíochta sainithe**
Oibríonn Fondúireacht Choláiste na Tríonóide agus Seirbhísí Tráchtála Branda Choláiste na Tríonóide Teoranta scéimeanna ranníocaíochta shainithe. Is ionann plean ranníocaíochta shainithe agus plean sochair scoir faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh agus nach bhfuil aon oibleagáid dlí ná oibleagáid inchiallaithe ann ranníocaíochtaí sa bhreis a dhéanamh ná íocaíochtaí sochair dhírigh a dhéanamh le fostaithe sa chás nach bhfuil a ndóthain sócmhainní sa chiste chun sochair fostaithe ar fad a bhaineann le seirbhís fostaithe sa tréimhse reatha agus sa tréimhse roimhe seo a íoc. Coinnítear sócmhainní an phlean leithleach ón eintiteas i gcistí a riartar go neamhspleách. Aithnítear na ranníocaíochtaí chuig an bplean ranníocaíochta shainithe mar chostas nuair a bhíonn siad dlite. Léirítear suimeanna nach bhfuil íoctha sna fabhruithe sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

**Scéimeanna pinsin shochair shainithe**
Tá scéimeanna shochair scoir shainithe áirithe ag an Ollscoil atá mionsonraithe i Nóta 29.

**Costais shochair scoir**
Maidir le scéimeanna shochair scoir shainithe, déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime (más ann dóibh) agus luach reatha dliteanas na scéime a measadh go hachtúireach, agus a ríomhtar trí úsáid a bhaint as an modh creidmheasa aonaid fortheilgthe a nochtadh ar an ráiteas maidir leis an staid airgeadais.

Is ionann an méid a ghearrtar ar an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach agus costas na sochar scoir a gealladh do na fostaithe agus a thuill siad i rith na bliana agus a cinneadh go hachtúireach móide aon fheabhsúcháin shochair a bronnadh ar chomhaltaí i rith na bliana. Léirítear an t-aischur ionchais ar shócmhainní na scéime sochair scoir (más ann dóibh) i rith na bliana
agus an t-ardú ar dhliteanais na scéime mar gheall ar dhíchornadh na lascaine i rith na bliana mar chostais airgeadais nó mar ioncam infheistíochta sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## 1. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Aithnítear aon difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní (más ann) agus an toradh a baineadh amach i ndáiríre agus aon athrú ar dhliteanais mar gheall ar athruithe ar bhoinn tuisceana nó mar gheall go raibh an taithí iarbhír i rith na bliana éagsúil ón taithí measta, mar ghnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach.

### Sócmhainn infhaighte shochair scoir

Chinn an Ollscoil go bhfuil an Stát tiomanta d'oibleagáidí pinsin faoin Máistirscéim Pinsin a mhaoiniú faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 agus Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Cé nach bhfuil sonraithe de réir an dlí, tá an Ollscoil den tuairim go seasfaidh an Stát dliteanais shochair scoir amach anseo don Scéim Eiseamláireach agus leis an bhForlíonadh Pinsin ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Mar a mhínítear tuilleadh i nóta 29 leis na ráitis airgeadais, d'aithin an Ollscoil sócmhainn pinsin iarchurtha i ndáil leis an Scéim Eiseamláireach agus leis an bhForlíonadh Pinsin ar an mbonn go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun freastal ar oibleagáidí sochair scoir de réir mar a bhíonn siad dlite. Glactar leis sa chur chuige cuntasaíochta go gcuirfear aon ioncam a shaothraíonn Coláiste na Tríonóide i bhfeidhm ar dtús i dtreo costas reatha agus go bhfreastalóidh aon mhaoiniú ón Stát ar aon easnamh sócmhainní chun dliteanais shochair scoir a mhaoiniú amach anseo.

Faoi FRS 102, má tá eintiteas cinnte, geall leis, go gcúiteoidh páirtí eile cuid den chaiteachas nó an caiteachas go léir a theastaíonn chun oibleagáid sochair shainithe a shocrú, aithneoidh an t-eintiteas a cheart féin chun cúitimh mar shócmhainn. Caithfidh eintiteas leis na sócmhainní sin ar an gcaoi chéanna agus a chaitear le sócmhainní plean. Mar thoradh air sin, léiríonn na ráitis airgeadais sócmhainn infhaighte a dhéanann fritháireamh iomlán ar an dliteanas sochair scoir. Áirítear gluaiseachtaí ar an infhaighteas sochair scoir seo sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim Chuimsithigh d'fhonn an ghluaiseacht bhunúsach ar an dliteanas sochair scoir a léiriú.

### Cúlchistí

Rangaítear cúlchistí mar chúlchistí srianta nó cúlchistí neamhshrianta. Tá iarmhéideanna san áireamh le cúlchistí dearlaice srianta agus, trí airgead a thabhairt don Ollscoil, coimeádtar iad mar chiste atá srianta go buan mar ní foláir don Ollscoil an ciste a choinneáil go brách. Ar na cúlchistí srianta eile atá ann, tá iarmhéideanna a bhfuil cuspóir ar leith ainmnithe ag an deontóir nó an maoinitheoir ina leith agus dá bhrí sin, tá srian ar an Ollscoil maidir le húsáid na gcistí seo.

| 2. Deontais Stáit | Comhdhlúite 2025 €'000 | Ollscoil 2025 €'000 | Comhdhlúite 2024 €'000 | Ollscoil 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontais Atarlaithe** | | | | |
| **Deontais Stáit** | **95,828** | **95,828** | **85,215** | **85,215** |
| | | | | |
| **Réiteach deontais a fuarthas chuig ioncam aitheanta** | | | | |
| A fuarthas i leith na bliana reatha | 96,977 | 96,977 | 80,306 | 80,306 |
| (Fabhraithe)/iarchurtha ón mbliain chuntasaíochta roimhe sin | (7,381) | (7,381) | (2,472) | (2,472) |
| Fabhraithe go dtí blianta cuntasaíochta ina dhiaidh sin | 6,232 | 6,232 | 7,381 | 7,381 |
| **Iomlán** | **95,828** | **95,828** | **85,215** | **85,215** |
| | | | | |
| **Deontóir HEA** | | | | |
| Deontas Lárnach HEA | 85,024 | 85,024 | 74,437 | 74,437 |
| Deontas Altranais | 5,378 | 5,378 | 4,811 | 4,811 |
| Áiteanna breise CAO | 2,271 | 2,271 | 2,104 | 2,104 |
| Oideachas Leighis | 751 | 751 | 906 | 906 |
| Eile | 2,404 | 2,404 | 2,957 | 2,957 |
| **Iomlán** | **95,828** | **95,828** | **85,215** | **85,215** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## 3. Táillí acadúla

| | Comhdhlúite 2025 €'000 | Ollscoil 2025 €'000 | Comhdhlúite 2024 €'000 | Ollscoil 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ioncam ó tháillí acadúla | 217,115 | 217,115 | 202,347 | 201,906 |
| Ioncam ó tháillí acadúla eile* | 4,536 | 4,536 | 4,390 | 4,390 |
| Ioncam Ilghnéitheach ó tháillí** | 2,834 | 2,834 | 2,733 | 2,733 |
| **Iomlán** | **224,485** | **224,485** | **209,470** | **209,029** |

*Cuimsítear ioncam ó thobhaigh mac léinn in ioncam ó tháillí acadúla eile.
** Cuimsítear ioncam ilghnéitheach ó tháillí in ioncam ó chúrsaí gearra.

| Déantar anailís ar an ioncam ó tháillí acadúla mar seo a leanas: | Comhdhlúite 2025 €'000 | Ollscoil 2025 €'000 | Comhdhlúite 2024 €'000 | Ollscoil 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Cúrsaí Fochéime AE | 77,972 | 77,972 | 77,602 | 77,602 |
| Cúrsaí Fochéime neamh-AE | 71,144 | 71,144 | 64,333 | 63,892 |
| Iarchéim taighde AE | 7,466 | 7,466 | 7,422 | 7,422 |
| Iarchéim taighde neamh-AE | 3,897 | 3,897 | 4,227 | 4,227 |
| Iarchéim mhúinte AE | 23,730 | 23,730 | 20,379 | 20,379 |
| Iarchéim mhúinte neamh-AE | 32,906 | 32,906 | 28,384 | 28,384 |
| **Iomlán** | **217,115** | **217,115** | **202,347** | **201,906** |

Suim iomlán de €39,801,392 (2024: €39,381,116) a áiríodh in ioncam táillí acadúla, íoctha go díreach ag an HEA. Áirítear air sin táillí altranais de €4,190,173 (2024: €4,023,880)

## 4. Deontais agus conarthaí taighde

| | Comhdhlúite 2025 €'000 | Ollscoil 2025 €'000 | Comhdhlúite 2024 €'000 | Ollscoil 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Taighde Éireann | 55,483 | 55,483 | 49,572 | 49,572 |
| Stát agus Leathstáit eile | 32,332 | 32,332 | 26,968 | 26,968 |
| An tAontas Eorpach | 25,780 | 25,780 | 27,887 | 27,887 |
| Tionscal | 7,022 | 7,022 | 7,441 | 7,441 |
| Eile | 13,309 | 13,309 | 11,872 | 11,872 |
| **Iomlán** | **133,926** | **133,926** | **123,740** | **123,740** |

## 5. Ioncam Eile

| | Comhdhlúite 2025 €'000 | Ollscoil 2025 €'000 | Comhdhlúite 2024 €'000 | Ollscoil 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ioncam ó scoileanna acadúla agus oifigí dáimhe | 13,594 | 15,453 | 9,804 | 12,040 |
| Limistéir seirbhíse | 4,710 | 4,710 | 4,323 | 4,327 |
| Lónadóireacht | 3,313 | 3,313 | 3,046 | 3,046 |
| Ioncam ó Áiteanna Cónaithe | 13,667 | 13,667 | 13,835 | 13,835 |
| Seirbhísí coimhdeacha eile | 4,232 | 4,348 | 4,113 | 4,234 |
| Ioncam ó chíos | 8,532 | 8,540 | 8,584 | 8,586 |
| Ioncam ó Chuairteoirí | 27,961 | 25,722 | 25,138 | 23,088 |
| Gníomhaíochtaí neamhacadúla eile | 7,237 | 7,185 | 9,329 | 9,673 |
| Ioncam eile* | 10,697 | 9,734 | 10,187 | 9,227 |
| **Iomlán** | **93,943** | **92,672** | **88,359** | **88,056** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 5. Ioncam eile ar lean

*Áirítear in Ioncam Eile fáltais cothromais ó chuideachtaí campais de €524k (2024: €501k).

Áirítear €12.9m in Iomlán Ioncaim Eile de €93.9m (2024: €12.6m) d'ioncam deontais stáit eile ó chatagóirí ioncaim éagsúla atá liostaithe. Tugtar breac-chuntas thíos ar ioncam an Deontóra:

| Deontóir | Deontas PY iarchurtha 2025 €'000 | Iomlán in airgead tirim a fuarthas 2025 €'000 | Glactha san ioncam 2025 €'000 | Deontas iarchurtha 2025 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 7,825 | 8,565 | (10,099) | 6,291 |
| Fiontraíocht Éireann (EI) | - | 1,308 | (1,308) | - |
| Pobal | - | 368 | (368) | - |
| An Roinn Oideachais | - | 326 | (326) | - |
| DFHERIS | - | 200 | (200) | - |
| An Roinn Tithíochta | - | 156 | (156) | - |
| SOLAS | - | 120 | (120) | - |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | - | 99 | (99) | - |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | - | 86 | (86) | - |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha (Ciste na Sochaí Sibhialta d'Oileán Comhroinnte) | | 25 | (25) | - |
| Maoinitheoirí Stáit Eile | - | 83 | (83) | - |
| **Iomlán** | **7,825** | **11,336** | **(12,870)** | **6,291** |

### 6. Ioncam infheistíochta

| | Nóta | Comhdhlúite 2025 €'000 | Ollscoil 2025 €'000 | Comhdhlúite 2024 €'000 | Ollscoil 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam úis | | 4,316 | 3,768 | 7,419 | 6,506 |
| Ioncam ó dhearlaicí buana | 22 | 9,312 | 9,312 | 8,390 | 8,390 |
| Ioncam ó dhearlaicí inchaite | 22 | 396 | 396 | 361 | 361 |
| **Iomlán** | | **14,024** | **13,476** | **16,170** | **15,257** |

### 7. Deonacháin agus dearlaicí

| | Nóta | Comhdhlúite 2025 €'000 | Ollscoil 2025 €'000 | Comhdhlúite 2024 €'000 | Ollscoil 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Deonacháin neamhshrianta | | 1,985 | 30,901 | 232 | 29,530 |
| Síntiúis le srianta | 23 | 29,130 | - | 27,212 | - |
| Dearlaicí nua | 22 | 273 | 273 | 460 | 460 |
| **Iomlán** | | **31,388** | **31,174** | **27,904** | **29,990** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## 8. Costais Foirne

| | Comhdhlúite 2025 €'000 | Ollscoil 2025 €'000 | Comhdhlúite 2024 €'000 | Ollscoil 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Pá agus tuarastail * | 342,053 | 336,218 | 312,492 | 306,971 |
| Costais slándála sóisialaí | 30,252 | 29,624 | 28,752 | 28,158 |
| Costais sochair scoir eile | 21,495 | 21,065 | 20,284 | 19,864 |
| **Iomlán** | **393,800** | **386,907** | **361,528** | **354,993** |

*Áirítear le pá agus tuarastail suim €1.8m do liúntais ceadaithe RSO (An Roinn Oideachais agus Scileanna) agus DPENDR (An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe) (2024: €1.9m) agus ragobair €2.1m (2024: €1.9 milliún). Rinneadh íocaíochtaí ríchíosa de €86k san iomlán le 17 bhfostaí le linn na bliana (2024: €233k - 7 bhfostaí).

B'ionann íocaíochtaí foirceanta (lena n-áirítear iomarcaíocht reachtúil) agus €1.3m (2024: €315k). B'ionann íocaíochtaí le luach comhiomlán os cionn €10,000 agus €798k (2024: €184k).

### Baill foirne atá ag fáil pá níos airde

Tá bunluach €60,000 glactha ag an Ollscoil chun baill foirne a fhaigheann pá níos airde a aithint. Is mar seo a leanas a bhí luach saothair na foirne i mbandaí tuarastail €10,000:

| Bandaí Tuarastail | Comhdhlúite 2025 Líon na bhfostaithe | Ollscoil 2025 Líon na bhfostaithe | Comhdhlúite 2024 Líon na bhfostaithe | Ollscoil 2024 Líon na bhfostaithe |
|---|---|---|---|---|
| €60,000 – €69,999 | 521 | 514 | 470 | 464 |
| €70,000 – €79,999 | 216 | 211 | 158 | 151 |
| €80,000 – €89,999 | 292 | 285 | 274 | 269 |
| €90,000 – €99,999 | 139 | 135 | 274 | 269 |
| €100,000 – €109,999 | 317 | 312 | 139 | 138 |
| €110,000 – €119,999 | 176 | 172 | 207 | 201 |
| €120,000 – €129,999 | 120 | 118 | 62 | 62 |
| €130,000 – €139,999 | 98 | 98 | 115 | 113 |
| €140,000 – €149,999 | 38 | 36 | 7 | 5 |
| €150,000 – €159,999 | 13 | 12 | 10 | 10 |
| €160,000 – €169,999 | 8 | 8 | 30 | 30 |
| €170,000 – €179,999 | 93 | 93 | 65 | 65 |
| €180,000 – €189,999 | 5 | 5 | 6 | 5 |
| €190,000 – €199,999 | 3 | 2 | - | - |
| €200,000 – €209,999 | 4 | 4 | 3 | 3 |
| €210,000 – €219,999 | - | - | - | - |
| €220,000 – €229,999 | 1 | 1 | 2 | 2 |
| €230,000 – €239,999 | 1 | 1 | 3 | 3 |
| €240,000 – €249,999 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| €250,000 – €259,999 | 1 | 1 | 2 | 2 |
| €260,000 – €269,999 | - | - | 2 | 2 |
| €270,000 – €279,999 | 2 | 2 | 3 | 3 |
| €280,000 – €289,999 | 2 | 2 | 3 | 3 |
| €290,000 – €299,999 | - | - | 1 | 1 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## 8. Costais Foirne (ar lean)

| Bandaí Tuarastail | Comhdhlúite 2025 Líon na bhfostaithe | Ollscoil 2025 Líon na bhfostaithe | Comhdhlúite 2024 Líon na bhfostaithe | Ollscoil 2024 Líon na bhfostaithe |
|---|---|---|---|---|
| €300,000 – €309,999 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| €310,000 – €319,999 | 5 | 5 | 3 | 3 |
| €320,000 – €329,999 | 1 | 1 | 3 | 3 |
| €330,000 – €339,999 | 8 | 8 | 5 | 5 |
| €340,000 – €349,999 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| €350,000 – €359,999 | 5 | 5 | 1 | 1 |
| €360,000 – €369,999 | 1 | 1 | - | - |
| €370,000 – €379,999 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| €400,000 – €409,999 | 1 | 1 | - | - |
| **Iomlán** | **2,078** | **2,040** | **1,854** | **1,819** |

Tá comhairleoirí leighis a gcinneann FSS a gconarthaí agus a bpá san áireamh laistigh de bhandaí tuarastail níos mó ná €230,000.

### Cúiteamh na bpríomhbhall bainistíochta

Is iad príomhbhaill na bainistíochta ná na daoine sin a bhfuil údarás acu agus freagracht orthu maidir le gníomhaíochtaí na hOllscoile a phleanáil, a stiúradh agus a smachtú. Is iad "príomhbhaill na hOllscoile" baill na foirne sinsearaí arb ionann iad agus Grúpa na nOifigeach Feidhmiúcháin. B'ionann an luach saothair iomlán do phríomhphearsanra bainistíochta don bhliain 2025 agus €3.1m (2024: €2.9 milliún). Baill i scéimeanna sochair scoir shainithe na hOllscoile iad na príomhbhall bainistíochta agus ní théann na teidlíochtaí atá acu ina leith sin níos faide ná téarmaí na scéimeanna sin.

Ba é an meánlíon daoine aonair (lena n-áirítear sealbhóirí poist shinsearacha) a bhí fostaithe ag an Ollscoil i rith na bliana, arna shloinneadh mar choibhéisí lánaimseartha:

| | Comhdhlúite 2025 FTE | Ollscoil 2025 FTE | Comhdhlúite 2024 FTE | Ollscoil 2024 FTE |
|---|---|---|---|---|
| Teagasc agus Taighde | 2,770 | 2,770 | 2,679 | 2,679 |
| Teicniúil | 146 | 146 | 141 | 141 |
| Seirbhísí tacaíochta | 1,483 | 1,483 | 1,425 | 1,425 |
| Eile | 942 | 859 | 885 | 810 |
| **Iomlán** | **5,341** | **5,258** | **5,130** | **5,055** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## 8. Costais Foirne (ar lean)

| Bandaí Tuarastail | Comhdhlúite 2025 Líon na bhfostaithe | Ollscoil 2025 Líon na bhfostaithe | Comhdhlúite 2024 Líon na bhfostaithe | Ollscoil 2024 Líon na bhfostaithe |
|---|---|---|---|---|
| €300,000 – €309,999 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| €310,000 – €319,999 | 5 | 5 | 3 | 3 |
| €320,000 – €329,999 | 1 | 1 | 3 | 3 |
| €330,000 – €339,999 | 8 | 8 | 5 | 5 |
| €340,000 – €349,999 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| €350,000 – €359,999 | 5 | 5 | 1 | 1 |
| €360,000 – €369,999 | 1 | 1 | - | - |
| €370,000 – €379,999 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| €400,000 – €409,999 | 1 | 1 | - | - |
| **Iomlán** | **2,078** | **2,040** | **1,854** | **1,819** |

Tá comhairleoirí leighis a gcinneann FSS a gconarthaí agus a bpá san áireamh laistigh de bhandaí tuarastail níos mó ná €230,000.

### Cúiteamh na bpríomhbhall bainistíochta

Is iad príomhbhaill na bainistíochta ná na daoine sin a bhfuil údarás acu agus freagracht orthu maidir le gníomhaíochtaí na hOllscoile a phleanáil, a stiúradh agus a smachtú. Is iad "príomhbhaill na hOllscoile" baill na foirne sinsearaí arb ionann iad agus Grúpa na nOifigeach Feidhmiúcháin. B'ionann an luach saothair iomlán do phríomhphearsanra bainistíochta don bhliain 2025 agus €3.1m (2024: €2.9 milliún). Baill i scéimeanna sochair scoir shainithe na hOllscoile iad na príomhbhall bainistíochta agus ní théann na teidlíochtaí atá acu ina leith sin níos faide ná téarmaí na scéimeanna sin.

Ba é an meánlíon daoine aonair (lena n-áirítear sealbhóirí poist shinsearacha) a bhí fostaithe ag an Ollscoil i rith na bliana, arna shloinneadh mar choibhéisí lánaimseartha:

| | Comhdhlúite 2025 FTE | Ollscoil 2025 FTE | Comhdhlúite 2024 FTE | Ollscoil 2024 FTE |
|---|---|---|---|---|
| Teagasc agus Taighde | 2,770 | 2,770 | 2,679 | 2,679 |
| Teicniúil | 146 | 146 | 141 | 141 |
| Seirbhísí tacaíochta | 1,483 | 1,483 | 1,425 | 1,425 |
| Eile | 942 | 859 | 885 | 810 |
| **Iomlán** | **5,341** | **5,258** | **5,130** | **5,055** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

| 9. Caiteachas oibriúcháin eile | Comhdhlúite 2025 €'000 | Ollscoil 2025 €'000 | Comhdhlúite 2024 €'000 | Ollscoil 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Tomhaltáin | 12,420 | 12,249 | 12,760 | 12,604 |
| Costas earraí díolta | 4,745 | 4,665 | 4,462 | 4,301 |
| Ríomhairí agus trealamh eile | 16,001 | 15,759 | 14,440 | 13,957 |
| Teas, solas, uisce agus cumhacht | 13,181 | 13,181 | 11,887 | 11,888 |
| Leabhair agus tréimhseacháin, priontáil & páipéarachas | 5,124 | 5,074 | 5,168 | 5,090 |
| Deisiúcháin agus cothabháil ghinearálta | 7,724 | 7,723 | 6,827 | 6,828 |
| Árachas | 2,684 | 2,672 | 2,466 | 2,443 |
| Seirbhísí gairmiúla | 13,382 | 14,278 | 15,635 | 16,525 |
| Cíos, rátaí & cáin mhaoine | 1,337 | 1,609 | 1,215 | 1,172 |
| Taisteal agus cothabháil | 6,778 | 6,694 | 6,896 | 6,776 |
| Fáilteachas agus siamsaíocht | 2,200 | 2,151 | 1,938 | 1,883 |
| Earcú | 4,851 | 4,804 | 4,189 | 4,063 |
| Caipitlíocht | 1,482 | 1,482 | 1,442 | 1,442 |
| Costais maidir le Scoláirí agus Comhaltaí | 202 | 202 | 202 | 202 |
| Costais & dámhachtainí a bhaineann le Mic Léinn | 12,901 | 12,900 | 13,173 | 13,173 |
| Costais a bhaineann le fostaithe | 3,818 | 3,766 | 3,918 | 3,873 |
| Fógraíocht & Costais Caidrimh Phoiblí | 4,056 | 4,434 | 3,883 | 4,045 |
| Muirir bhainc | 1,786 | 1,768 | 1,513 | 1,492 |
| Measúnú Cáilíochta & Riosca | 285 | 285 | 192 | 192 |
| Conarthaí Seirbhíse | 21,496 | 21,468 | 15,752 | 15,751 |
| Suibscríbhinní & Táillí Ballraíochta | 1,976 | 1,900 | 2,019 | 1,950 |
| Caiteachas díreach chiste dearlaice | 1,460 | 1,460 | 1,303 | 1,303 |
| Teileafón agus Cumarsáid Ghaolmhar | 677 | 670 | 714 | 683 |
| Costais eile | 8,874 | 14,212 | 10,235 | 13,510 |
| **Iomlán** | **149,440** | **155,406** | **142,229** | **145,146** |

Áirítear ar chostais oibriúcháin eile:

| Taisteal agus Cothabháil | Comhdhlúite 2025 €'000 | Ollscoil 2025 €'000 | Comhdhlúite 2024 €'000 | Ollscoil 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Intíre | 1,674 | 1,667 | 1,587 | 1,578 |
| Idirnáisiúnta | 5,104 | 5,027 | 5,309 | 5,198 |
| **Iomlán** | **6,778** | **6,694** | **6,896** | **6,776** |

Cuireadh nochtadh nuashonraithe san áireamh chun cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, ar ghlac an Ollscoil leis sa bhliain airgeadais 2025.

| Táillí Iniúchóireachta | Comhdhlúite 2025 €'000 | Ollscoil 2025 €'000 | Comhdhlúite 2024 €'000 | Ollscoil 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Luach saothair an iniúchóra | 281 | 223 | 275 | 217 |
| Táille Iniúchóir C&AG | 75 | 75 | 68 | 68 |
| **Iomlán** | **356** | **298** | **343** | **285** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

| 10. Ús agus costais airgeadais eile | Comhdhlúite 2025 €'000 | Ollscoil 2025 €'000 | Comhdhlúite 2024 €'000 | Ollscoil 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ús ó Iasachtaí | 6,515 | 6,515 | 6,658 | 6,658 |
| Ús ó Iasachtaí caipitlithe | (2,033) | (2,033) | (1,730) | (1,730) |
| Ús ó ghnéithe léasa | 3,006 | 3,006 | 3,119 | 3,119 |
| **Iomlán** | **7,488** | **7,488** | **8,047** | **8,047** |

## 11. Cánachas

Níl ann do mhuirear cánach corparáide don Ollscoil ná dá fhochuideachta carthanachta sa bhliain reatha mar gheall go bhfuil stádas díolúinte cánach acu.

| 12. Sócmhainní seasta inláimhsithe | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Daingneáin agus Feistí €'000 | Trealamh Ríomhaireachta €'000 | Trealamh Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Comhdhlúite** | | | | | |
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| An 1 Deireadh Fómhair 2024 | 1,480,264 | 65,912 | 22,549 | 243,665 | 1,812,390 |
| Méideanna Breise (WIP san áireamh) | 15,748 | 2,574 | 696 | 15,476 | 34,494 |
| Aistriú ó Mhaoin infheistíochta (Nóta 14) | 17,450 | - | - | - | 17,450 |
| Diúscairtí | - | - | (138) | (1,759) | (1,897) |
| An 30 Meán Fómhair 2025 | 1,513,462 | 68,486 | 23,107 | 257,382 | 1,862,437 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| An 1 Deireadh Fómhair 2024 | 360,876 | 27,464 | 22,049 | 218,303 | 628,692 |
Bunaíodh an Scéim Eiseamláireach in 2005, tar éis don Roinn Airgeadais agus an Roinn Oideachais agus Scileanna í a cheadú. Tá d’oibleagáid ar an Ollscoil, áfach, ag an HEA sochair scoir a sholáthar faoi rialacha na scéime do dhaoine nua ar an bhfoireann a cheaptar ó 1 Feabhra 2005 go dtí 31 Nollaig 2012. Is socrú scoir neamh-mhaoinithe le sochar sainithe é an scéim seo a fheidhmíonn ar bhonn íoc mar a thuilltear. Sa bhliain 2018, cuireadh bonn reachtúil leis an Scéim Eiseamláireach nuair a ritheadh IR 393 de 2018, agus glacadh leis na rialacha do Rialachán a bhí ann cheana féin maidir le Baill Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2014 (IR 582 de 2014) mar rialacha na Scéime Eiseamláirí, faoi réir mionathruithe áirithe mar a shonraítear in IR 393 de 2018.

Chomh maith leis sin (i) tugann bunú na scéimeanna níos nuaí bonn reachtúil don méid a bhí i ndáiríre ag tarlú ar na seanscéimeanna, i.e. Foráiltear leis an Scéim Aonair nua go bhfuil asbhaintí pinsin le tabhairt ar ais chuig an DPENDR agus cuirfidh an Státchiste maoiniú ar leith ar fáil do phinsin (mar aon le cnapshuimeanna) atá á n-íoc (ii) Éilítear ar an Ollscoil na sonraí a choinneáil chun bheith ar a cumas an dliteanas pinsin deiridh a ríomh do gach aon fhostaí beag beann ar an ollscoil a chuir siad seirbhís ar fáil di roimhe sin. Cé go bhfuil an Ollscoil í féin neamhchosanta ar an riosca achtúireach a bhaineann leis an tréimhse iomlán fostaíochta, glacann sí leis an neamhchosaint sin ar an mbunús go ndéanfaidh an Stát an oibleagáid iomlán a mhaoiniú: is é an nós ná gur cuireadh maoiniú breise ar fáil i gcomhair oibleagáidí íocaíochta pinsin incriminteacha. Is é tuairim na hOllscoile go rabhthas nach mór cinnte gurb ann do shócmhainn chúitimh don scéim eiseamláireach faoi FRS102 agus dá réir sin go n-aithnítear sócmhainn chúitimh (sócmhainn chomhfhreagrach) sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## 29. Sochair Scoir (ar lean)

### Forlíonadh Pinsin

Baineann seo le méaduithe sochair iarscoir do gach ball foirne nach maoinítear iad agus a íoctar ar bhonn íoc mar a thuilltear.

### An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Is í an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair), a oibríonn an Ollscoil thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadhadh PFN agus Athchóirithe (DPENDR), an scéim pinsean sochair sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Soláthraíonn an scéim sochair scoir agus cnapshuim scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin gairme ar an meán agus pinsin do chéilí agus leanaí. Is ionann an aois phinsin íosta agus 66 bliain d'aois (ag ardú i gcomhréir le hathruithe ar aois an phinsin stáit). Áirítear air deis luathscoir laghdaithe go hachtúireach ó 55 bliain d'aois. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir an phraghasinnéacs tomhaltóirí.

### Athruithe bunúsacha ar shocruithe sochair scoir

Tugadh cainteanna leantacha thar roinnt blianta idir na hollscoileanna, an HEA agus an Rialtas i ndáil le socruithe sochair scoir athbhreithnithe san fhadtéarma a eascraíonn as an staid easnaimh i roinnt scéimeanna sochair scoir de chuid na hOllscoile chun críche in 2009 agus tugadh athruithe reachtúla móra isteach i bhfoirm an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Achtaíodh an tAcht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 an 26 Meitheamh 2009 agus áiríodh ann, i ndáil le Máistirscéim Pinsin na hOllscoile, soláthairtí áirithe, tar éis Ordú Aistrithe ón Aire Airgeadais agus ón Aire Oideachais, le haghaidh sócmhainní na Máistirscéime Pinsin a aistriú chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin agus le haghaidh íocaíocht leanúnach sochar a bhí le híoc cheana ón Máistirscéim Pinsin.

Cuireadh an t-ordú aistrithe don Mháistirscéim Pinsin i gcrích an 31 Nollaig 2009 agus mar a foráladh sa reachtaíocht:

- cuireadh deireadh leis an iontaobhas a bhí ann agus tháinig deireadh le héifeacht an ghníomhais iontaobhais;
- aistríodh na sócmhainní sochair scoir go léir go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsin;
- Leanann an Ollscoil agus gach ball ag íoc an ráta céanna a íocadh roimhe seo, agus íoctar na ranníocaíochtaí seo chun sochair an Státchiste nó iad a dhiúscairt chun sochair an Státchiste;
- tá an oibleagáid maidir le sochair a íoc de réir na scéime sochair scoir fós mar oibleagáid ar an Ollscoil maidir leis an scéim seo;
- má bhíonn na ranníocaíochtaí comhiomlána a d'íoc baill agus fostaithe nó atá á gcoinneáil thuas neamhleordhóthanach chun oibleagáidí na hOllscoile a chomhlíonadh maidir leis na sochair sin a íoc de réir na Scéime, cúiteoidh an tAire Airgeadais an t-easnamh trí íocaíochtaí a dhéanamh leis an Ollscoil ó chiste arna gcur ar fáil ag an Oireachtas chun na críche sin. Mar sin, tugann an Stát ráthaíocht go ndéanfar oibleagáidí sochair scoir na Máistirscéime Pinsin a íoc agus go n-íocfar iad ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Is é tuairim na hOllscoile gurbh ionann cainteanna a tionóladh idir an earnáil, an HEA agus an Rialtas sular tugadh an reachtaíocht chumasúcháin isteach agus dearbhuithe go dtabharfadh an Stát ráthaíocht faoi gach dliteanais shochair scoir de chuid na hOllscoile, i.e. na dliteanais sin a bhaineann leis an Máistirscéim Pinsin agus le socruithe sochair scoir shainithe eile atá ar bun ag an Ollscoil.

Cé go mbaineann an reachtaíocht thuas a achtaíodh i rith 2009 go sonrach leis an Máistirscéim Pinsin, tá an Ollscoil den tuairim go seasfadh an Stát dliteanais shochair scoir amach anseo don Scéim Shamplach agus don Fhorlíonadh Pinsin ar bhonn íoc mar a thuilltear. Tugann an Stát ráthaíocht go n-íocfar dliteanais na hOllscoile faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair de réir Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Rinne an Ollscoil an t-easnamh sna scéimeanna sochair scoir uile le sochar sainithe scéimeanna a fhritháireamh go hiomlán, le sócmhainn infhaighte shochair scoir dlite ón Stát á haithint sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ar atá comhionann leis an dliteanas sochair scoir.

Sa Bhliain Airgeadais 2018, cuireadh bonn reachtúil leis an Scéim Eiseamláireach nuair a ritheadh IR 393 de 2018. Glacann sé leis na Rialacha do Rialachán a bhí ann cheana féin maidir le Baill Scéim Pinsin na Seirbhísí Poiblí 2014 (IR 582 de 2014) mar rialacha na Scéime Eiseamláirí, faoi réir mionathruithe áirithe mar a shonraítear in IR 393 de 2018 agus, mar sin, measann an Ollscoil go bhfuil sé réasúnach, ar chomhairle a fháil óna comhairleoirí dlí, tagairt don Stát a bheith ag cur ráthaíocht 'de facto' ar fáil i leith na Scéime Eiseamláirí.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## 29. Sochair Scoir (ar lean)

Is é tuairim na hOllscoile go rabhthas nach mór cinnte gurb ann do shócmhainn chúitimh do gach ceann den ceithre scéim faoi FRS102 dá dtagraítear dóibh thuas agus dá réir sin go n-aithnítear sócmhainn chúitimh sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

| Comhdhlúite agus Ollscoil | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| Luach reatha dhliteanais an phlean | (1,767,045) | (1,849,055) |
| Sochar scoir infhaighte neamhreatha (cearta cúitimh) | 1,767,045 | 1,849,055 |
| | - | - |

| Anailís ar dhliteanas sochair scoir | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| Máistirscéim Pinsin | (882,406) | (941,653) |
| Scéim Eiseamláireach agus Forlíonadh Pinsin | (737,911) | (764,860) |
| An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair | (146,728) | (142,542) |
| **Luach reatha na n-oibleagáidí neamh-mhaoinithe** | **(1,767,045)** | **(1,849,055)** |

| Athruithe ar luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir sainithe | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe ag tús na tréimhse | 1,849,055 | 1,576,892 |
| Costas seirbhíse reatha | 53,623 | 53,558 |
| Costas Úis | 64,717 | 73,325 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe na scéime | 13,660 | 2,438 |
| Éifeacht choigeartuithe ó thaithí ar oibleagáid sochair scoir shainithe | 37,034 | 6,184 |
| Éifeacht na n-athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha | (195,383) | 186,265 |
| Íocaíochtaí sochair ó chearta aisíocaíochta | (55,661) | (49,607) |
| **Oibleagáid sochair scoir shainithe ag deireadh na tréimhse** | **1,767,045** | **1,849,055** |

| Athruithe ar luach cothrom na gcearta aisíocaíochta | 2025<br>€'000 | 2024<br>€'000 |
|---|---|---|
| Luach cothrom na gcearta cúitimh ag tús na tréimhse | 1,849,055 | 1,576,892 |
| Ioncam úis | 64,717 | 73,325 |
| Toradh ar chearta aisíocaíochta | (125,031) | 226,450 |
| Ranníocaíochtaí ón bhfostóir | 21,065 | 19,864 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe na scéime | 13,660 | 2,438 |
| Íocaíochtaí sochair ó chearta aisíocaíochta | (55,661) | (49,607) |
| Costais riaracháin arna íoc ó chearta cúitimh | (760) | (307) |
| **Luach cóir ar chearta cúitimh ag deireadh na bliana** | **1,767,045** | **1,849,055** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## 29. Sochair Scoir (ar lean)

| Comhdhlúite agus Ollscoil | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| **Seo a leanas méideanna a aithnítear i Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach i ndáil leis an bplean:** | | |
| **Méideanna atá san áireamh i gcaiteachas** | | |
| Costais seirbhíse reatha | 53,623 | 53,558 |
| Lúide: ranníocaíochtaí fostóra san áireamh i gcostais foirne | (21,065) | (19,864) |
| Costas na Seirbhíse Pinsean Incrimintí arna fhrithghealladh ag an Stát | 32,558 | 33,694 |
| Móide: costais úis an phinsin arna fhrithghealladh ag an Stát | 64,717 | 73,325 |
| **Maoiniú Iarchurtha do Phinsin** | **97,275** | **107,019** |
| | | |
| **Méid a aithnítear in Ioncam Cuimsitheach Eile** | | |
| Coigeartuithe ó thaithí | (37,034) | (6,184) |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana mar bhonn taca ag luach reatha an phlean | 195,383 | (186,265) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach i leith sochair scoir | 158,349 | (192,449) |
| Gluaiseacht ar chearta aisíocaíochta sochair scoir | (158,349) | 192,449 |
| **Gnóthachan/(caillteanas) iomlán** | **-** | **-** |

Nochtann an Ollscoil costas úis an phinsin agus costas na seirbhíse pinsin mar mhíreanna líne sa Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach laistigh den cheannteideal caiteachais, leis an maoiniú meaitseála i leith dliteanais reachtúla a chuirtear i láthair laistigh den fhotheideal ioncaim mar mhaoiniú iarchurtha do phinsin.

### Glandliteanas sochair scoir

Tá luacháil oibleagáidí sochair scoir na hOllscoile le sochar sainithe chun críche nochtaí FRS 102 déanta ag achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil amhail dáta an Ráitis maidir leis an Staid Airgeadais.

Mar seo a leanas a bhí na boinn tuisceana a d'úsáid na hachtúirí chun na dliteanais a luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2025:

| Boinn tuisceana airgeadais: | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Modh Luachála | Aonad Fortheilgthe | Aonad Fortheilgthe |
| Ráta lascaine | 4.10% | 3.50% |
| Ráta boilscithe | 2.10% | 2.10% |
| Arduithe ar thuarastal | 3.60% | 3.60% |
| Forlíonadh pinsin | 2.60% | 2.60% |

Tá an ráta lascaine 4.10% bunaithe ar Innéacs Cuair Toraidh Mercer le haghaidh bannaí corparáideacha ardchaighdeáin, mar is cuí fad a mhairfidh dliteanais na scéimeanna.

Tá na boinn tuisceana a bhaineann le fad saoil atá mar bhonn taca do na dliteanais sochair scoir ag dáta an Ráitis maidir leis an Staid Airgeadais bunaithe ar tháblaí básmhaireachta achtúireacha caighdeánacha agus ceadaíonn siad d'fheabhsúcháin ar fhad saoil amach anseo. Is ionann na boinn tuisceana agus a bheith ag súil go mairfidh duine 65 bliain d'aois roinnt blianta mar seo a leanas:

| Básmhaireacht | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ionchais saoil mheasta ar dhul ar scor ag aois 65 | An 30 Meán Fómhair 2025 | | An 30 Meán Fómhair 2024 | |
| | Fir | Mná | Fir | Mná |
| Ag dul ar scor inniu (aois 65) | 22.5 | 24.3 | 22.4 | 24.2 |
| Ag dul ar scor i gceann 25 bliain (aois inniu 40) | 24.3 | 26.1 | 24.2 | 26.0 |

Meastar go mbeidh ranníocaíochtaí fostóra don bhliain airgeadais 2026 cothrom le €21.8m. Bhí ranníocaíochtaí fostóra don bhliain airgeadais 2025 cothrom le €21.1m

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 30. Bainistiú agus Cuntasacht i leith Deontais ó Chistí an Státchiste – Deontais Taighde

| Deontóir | Roinn/Oifig um Mhaoiniú Rialtais | Deontas Iarchurtha / (Dlite) 1/10/24 €'000 | Airgead tirim faighte 2024/25 €'000 | Glactha san Ioncam 2024/25 €'000 | Deontas Iarchurtha / (Dlite) 30/9/25 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Taighde Éireann | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta | 41,850 | 60,706 | (58,645) | 43,911 |
| HRB | An Roinn Sláinte | 4,055 | 11,809 | (12,357) | 3,507 |
| Fiontraíocht Éireann | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | (1,073) | 9,320 | (8,719) | (472) |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | An Roinn Oideachais | 2,188 | 1,108 | (1,947) | 1,349 |
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta | (450) | 2,131 | (1,926) | (245) |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 234 | 661 | (1,845) | (950) |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil | (41) | 2,612 | (1,638) | 933 |
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil | (435) | 1,196 | (1,422) | (661) |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | An Roinn Sláinte | 1,402 | 1,192 | (1,349) | 1,245 |
| An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | 163 | 100 | (580) | (317) |
| Teagasc | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | (55) | 149 | (169) | (75) |
| Foras na Mara | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | (170) | 213 | (163) | (120) |
| Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath | An Roinn Oideachais agus Óige | (11) | 126 | (148) | (33) |
| Dearbháin Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann | An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta | (144) | 237 | (119) | (26) |
| Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann | An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil | (119) | 65 | (78) | (132) |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | 216 | 76 | (67) | 225 |
| An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta | An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta | 155 | 54 | (37) | 172 |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha | An Roinn Gnóthaí Eachtracha | 30 | 40 | (19) | 51 |
| Skillnet Ireland | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta | (38) | 50 | (19) | (7) |
| An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | An Roinn Sláinte | (18) | 33 | (15) | - |
| Ospidéal San Séamas | An Roinn Sláinte | 33 | 100 | (14) | 119 |
| An Roinn Ealaíon | An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta | (10) | 22 | (12) | - |
| Sláinte Leanaí Éireann | An Roinn Sláinte | (83) | - | - | (83) |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | 143 | - | - | 143 |
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | An Roinn Sláinte | (531) | 401 | 16 | (114) |
| Gníomhaireachtaí Rialtais na hÉireann/Stáit eile | Ranna éagsúla | 164 | 2,040 | (942) | 1,262 |
| Deontais Taighde Státchiste Iomlána | | 47,455 | 94,441 | (92,214) | 49,682 |
| Deontais Taighde Neamh-Státchiste Iomlána | | 46,269 | 47,446 | (49,798) | 43,917 |
| | | | | | |
| **Iomlán de réir cuntas Taighde** | | **93,724** | **141,887** | **(142,012)** | **93,599** |
| Coigeartuithe eile | | 2,792 | (6,258) | 8,086 | 4,620 |
| **Deontais taighde agus conarthaí de réir Ráiteas Airgeadais** | | **96,516** | **135,629** | **(133,926)** | **98,219** |
| **Nóta** | | | | **4** | **15/18** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 30. Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontas ó Chistí an Státchiste – Deontais Taighde (ar lean)

**Deontais chaipitil**

Fuair an Ollscoil deontais €10.3m chun críocha caipitil sa bhliain reatha (HEA €9.59m, An Roinn Tithíochta €0.72m), ar rinneadh iad ar fad a iarchur. Tugann Coláiste na Tríonóide tuairisceáin don HEA ar bhonn ráithiúil, bunaithe ar an gcaiteachas iarbhír a thabhaítear ar dheontais chaipitil arna maoiniú ag an HEA. Tá gach caiteachas den chineál sin a thabhaítear ar aon dul le téarmaí agus coinníollacha sonracha an deontais chaipitil. Caitear le gach maoiniú a fhaightear ón HEA le haghaidh Deontas Chaipitil ar aon dul le téarmaí agus coinníollacha sonracha mar atá leagtha amach ag an HEA agus ag teacht le beartais agus treoirlínte Rialtais.

### 31. Dliteanas Theagmhasacha

Tá dhá chomhaontú ainmniúcháin i bhfeidhm ag an Ollscoil faoina bhfuil an Ollscoil faoi dhliteanas má bhíonn easnamh ann maidir le roinnt áiteanna cónaithe do mhic léinn a ligean amach ar cíos. Is é €6.5m uasluach an dliteanais amhail an 30 Meán Fómhair 2025 ar na conarthaí seo. Níl an Ollscoil ag súil go dtabhófar aon dliteanas breise mar thoradh ar na conarthaí seo.

### 32. Imeachtaí i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe

Cuireadh Seirbhísí Áise Choláiste na Tríonóide Príobháideach Teoranta (TASL) faoi leachtú deonach, le héifeacht ón 31 Iúil 2025. Chuir an leachtaitheoir an Ráiteas Cuntais i láthair ag an gcruinniú deiridh de na scairshealbhóirí a tionóladh an 12 Nollaig 2025. I ndiaidh an Ráiteas Cuntais a cheadú, d'fhógair agus d'íoc an leachtaitheoir díbhinn deiridh le Coláiste na Tríonóide, arb é sin iarmhéid na gcistí a bhí i gcuntas bainc TASL.

Cheadaigh an Bord athnuachan na Saoráide Creidmheasa Rothlaí (SCR) de €20m le AIB i mí Dheireadh Fómhair 2025, agus comhaontaíodh agus síníodh na conarthaí deiridh i mí Eanáir 2026.

Síneadh go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2027 a cuireadh leis an Saoráid EIB de €80m atá ar fáil chun tionscadail chaipitil a mhaoiniú, tar éis ceadú an Bhoird i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Deimhníodh maoiniú HEA de €40.5m i mí na Nollag 2025 ar mhaithe le cóiríocht mac léinn a fhorbairt i nDartaí, agus fuarthas €32.5m de sin i mí na Nollag 2025.

Níor tharla aon imeachtaí eile ar gá iad a nochtadh i ndiaidh dheireadh na tréimhse tuairiscithe an 30 Meán Fómhair 2025 agus i ndiaidh cheadú an Bhoird i ndáil leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite an 25 Márta 2026.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 33. Sceideal Breise um Fhreagracht Airgeadais Roinn Oideachais na Stát Aontaithe (SA)

D'fhonn oibleagáidí na hOllscoile rochtain na mac léinn ar chúnamh feidearálach na Stát Aontaithe a éascú, ceanglaíonn Roinn Oideachais na SA ar an Ollscoil an Sceideal Breise a leanas a chur i láthair i bhformáid fhorordaithe.

Maidir leis na suimeanna atá leagtha amach sna sceidil:

- ullmhaíodh iad faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, faoi réir sócmhainní seasta áirithe a athluacháil;
- ullmhaíodh iad de réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102 (FRS102), an caighdeán tuairiscíochta airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus Ráitis Chleachtais Mholta: Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (eagrán 2022); agus
- cuirtear i láthair in euro iad.

Leagtar amach sna sceidil mar a baineadh gach suim a nochtadh as na ráitis airgeadais. Mar atá leagtha amach thuas, níl sé i gceist go mbeadh na polasaithe cuntasaíochta a úsáideadh chun na suimeanna a nochtadh a chinneadh ag comhlíonadh riachtanais na gcleachtas cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus níl siad ag comhlíonadh na riachtanais sin.

**Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath**
**Sceideal Breise um Fhreagracht Airgeadais**
**Bliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2025**

| Príomhchóimheas Cúlchiste: | | | 2025 | 2025 | 2024 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Glansócmhainní Indiúscartha: | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | Cúlchistí neamhshrianta | Glansócmhainní gan srianta deontóra | 556,259 | - | 545,463 | - |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | Cúlchistí srianta | Glansócmhainní le srianta deontóra | 344,220 | - | 321,293 | - |
| N/A | N/A | Páirtí gaolmhar Urraithe agus Neamhurraithe infhaighte | - | - | - | - |
| N/A | N/A | Páirtí gaolmhar neamhurraithe infhaighte | - | - | - | - |
| Nóta a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 12 - Sócmhainní seasta lúide nóta 23 - Deontais chaipitil iarchurtha | Maoin, fearas agus trealamh, glan (lena n-áirítear Obair Thógála atá ar siúl) | 1,202,450 | - | 1,183,698 | - |
| Nóta a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 33 - Nochtadh breise - Líne 1.b | Lúide deontais chaipitil iarchurtha | (243,578) | - | (238,916) | - |
| Nóta a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 33 - Nochtadh breise - Líne 1.d | Maoin, fearas agus trealamh, réamh-fheidhmiú | - | 605,326 | - | 643,176 |
| Nóta a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 33 - Nochtadh breise - Líne 2.a | Maoin, fearas agus trealamh, iarfheidhmiú le fiachas gan íoc don cheannach bunaidh | - | 138,800 | - | 138,800 |
| Nóta a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 33 - Nochtadh breise - Líne 4.a | Maoin, fearas agus trealamh, iarfheidhmiú gan fiachas gan íoc don cheannach bunaidh | - | 138,246 | - | 92,706 |
| Nóta a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 33 - Nochtadh breise - Líne 3 | Obair Thógála ar siúl | - | 76,500 | - | 70,100 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 33. Sceideal Breise um Fhreagracht Airgeadais Roinn Oideachais na SA (ar lean)

| **Príomhchóimheas Cúlchiste:** | | | **2025** | **2025** | **2024** | **2024** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Glansócmhainní Indiúscartha:** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| N/A | N/A | Sócmhainn léasaithe ceart a n-úsáidte, glan | - | - | - | - |
| N/A | N/A | Sócmhainn léasaithe ceart a n-úsáidte, réamh-fheidhmiú | - | - | - | - |
| N/A | N/A | Sócmhainn léasaithe ceart a n-úsáidte, iarfheidhmiú | - | - | - | - |
| N/A | N/A | Sócmhainní doláimhsithe | - | - | - | - |
| N/A | N/A | Dliteanais iarfhostaithe agus pinsin | - | - | - | - |
| Nóta a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 20 - Iasachtaí | Fiachas fadtéarmach - chun críocha fadtéarmacha | 305,917 | - | 316,470 | - |
| Nóta a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 20 - Iasachtaí | Fiachas fadtéarmach - chun críocha fadtéarmacha - réamh-fheidhmiú | - | 167,117 | - | 177,670 |
| Nóta a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 20 - Iasachtaí | Fiachas fadtéarmach - chun críocha fadtéarmacha - iarfheidhmiú | - | 138,800 | - | 138,800 |
| N/A | N/A | Líne chreidmheasa i gcomhar Obair Thógála atá ar siúl | - | - | - | - |
| Nóta a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 20 - Iasachtaí | Sócmhainn léasaithe dliteanais ceart a n-úsáidte | 49,083 | - | 51,242 | - |
| Nóta a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 20 - Iasachtaí | Sócmhainn dliteanais ceart a n-úsáidte réamh-fheidhmithe | - | 49,082 | - | 51,242 |
| N/A | N/A | Sócmhainn dliteanais ceart a n-úsáidte iarfheidhmithe | - | - | - | - |
| N/A | N/A | Blianachtaí le srianta deontóra | - | - | - | - |
| N/A | N/A | Dearlaicí téarma le srianta deontóra | - | - | - | - |
| N/A | N/A | Cistí ioncaim saoil le srianta deontóra | - | - | - | - |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | Cúlchistí srianta - eile | Glansócmhainní le srianta deontóirí: srianta ama nó cuspóra eile | - | 19,810 | - | 18,426 |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | Cúlchistí srianta - cúlchistí dearlaice | Glansócmhainní le srianta deontóra: srianta go suthain | - | 324,410 | - | 302,867 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## 33. Sceideal Breise um Fhreagracht Airgeadais Roinn Oideachais na SA (ar lean)

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Príomhchóimheas Cúlchiste:** | | | **2025** | **2025** | **2024** | **2024** |
| | | **Costais iomlán gan Srianta Deontóra & Caillteanais gan Srianta Deontóra:** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | Caiteachas iomlán lúide Nóta 22 cúlchiste caiteachais dearlaice agus Nóta 23 cúlchiste caiteachais srianta | Iomlán na gcaiteachais gan srianta ó dheontóirí – tógtha go díreach ón Ráiteas maidir le Gníomhaíochtaí | - | 648,510 | - | 613,257 |
| An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | Ioncam ó infheistíocht, caillteanas ar infheistíochtaí. | Neamhoibriú agus Glan-Infheistíochta (caillteanas) | - | - | - | - |
| An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | Ioncam ó infheistíocht, caillteanas ar infheistíochtaí. | Glanchaillteanais ar infheistíochtaí | - | (385) | - | (1,912) |
| N/A | N/A | Athruithe a bhaineann le pinsean seachas costais thréimhsiúla | - | - | - | - |
| **Cóimheas idir Cothromas** | | | | | | |
| | | **Glansócmhainní Mionathraithe** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | Cúlchistí neamhshrianta | Glansócmhainní gan srianta deontóra | - | 556,259 | - | 545,463 |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | Cúlchistí srianta | Glansócmhainní le srianta deontóra | - | 344,220 | - | 321,293 |
| N/A | N/A | Sócmhainní doláimhsithe | - | - | - | - |
| N/A | N/A | Páirtí gaolmhar Urraithe agus Neamhurraithe infhaighte | - | - | - | - |
| N/A | N/A | Páirtí gaolmhar neamhurraithe infhaighte | - | - | - | - |
| **Cóimheas glanioncaim** | | | **2025** | **2025** | **2024** | **2024** |
| | | **Sócmhainní Mionathraithe** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | Sócmhainní iomlána | Sócmhainní Iomlána | - | 1,835,229 | - | 1,826,226 |
| N/A | N/A | Sócmhainn léasaithe ceart a n-úsáidte, réamh-fheidhmiú | - | - | - | - |
| N/A | N/A | Sócmhainn dliteanais ceart a n-úsáidte réamh-fheidhmithe | - | 49,082 | - | 51,242 |
| N/A | N/A | Sócmhainní doláimhsithe | - | - | - | - |
| N/A | N/A | Páirtí gaolmhar Urraithe agus Neamhurraithe infhaighte | - | - | - | - |
| N/A | N/A | Páirtí gaolmhar neamhurraithe infhaighte | - | - | - | - |
| An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | Caillteanas cuimsitheach neamhshrianta | Athrú i nGlansócmhainní gan Srianta Deontóra | - | 10,796 | - | 13,666 |
| An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | Ioncam iomlán lúide ioncam infheistíochta móide gnóthachain infheistíochta | Ioncaim agus Gnóthachain Iomlán | - | 701,217 | - | 685,257 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## 34. Sceideal Breise um Fhreagracht Airgeadais Roinn Oideachais na SA - Nochtaí Breise

| Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Átha Cliath<br>Nochtaí Breise um Fhreagracht Airgeadais Bliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2025 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2025** | **2024** |
| **Maoin, fearas agus trealamh, glan** | | | **€'000** | **€'000** |
| **1.** | | Maoin, fearas agus trealamh, glan réamh-fheidhmithe | | |
| | **a.** | Iarmhéid deiridh ráitis airgeadais na bliana roimhe sin (30 Meán Fómhair 2019) | 1,028,748 | 1,028,748 |
| | **b.** | Lúide deontais chaipitil iarchurtha | (243,578) | (238,916) |
| | **c.** | Lúide dímheas agus diúscairtí ina dhiaidh sin | (179,844) | (146,656) |
| | **d.** | Iarmhéid maoine, fearais agus trealaimh, glan réamh-fheidhmithe | 605,326 | 643,176 |
| | | | | |
| **2.** | | Maoin, fearas agus trealamh Iarfheidhmithe á Maoiniú le Fiachas, glansócmhainní Fadsaolacha a fuarthas le fiachas i ndiaidh an 30 Meán Fómhair 2019: | | |
| | **a.** | Foirgneamh | 123,000 | 123,000 |
| | **b.** | Trealamh | - | - |
| | **c.** | Feabhsúcháin ar thalamh | 15,800 | 15,800 |
| | **d.** | Maoin, fearas & trealamh glan iomlán a fuarthas le fiachas níos mó ná 12 mí | 138,800 | 138,800 |
| | | | | |
| **3.** | | Obair Thógála ar siúl a fuarthas i ndiaidh an 30 Meán Fómhair 2019. | 76,500 | 70,100 |
| | | | | |
| **4.** | | Maoin, fearas agus trealamh, glan réamh-fheidhmithe a fuarthas gan fiachas: | | |
| | **a.** | sócmhainní fadsaolacha a fuarthas gan fiachas a úsáid i ndiaidh 30 Meán Fómhair 2019 | 138,246 | 92,706 |
| | | | | |
| **5.** | | Maoin, gléasra agus trealamh iomlán, glan 30 Meán Fómhair | 958,872 | 944,782 |

## 35. Na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite a cheadú

Cheadaigh Bord na hOllscoile na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite ar an 25 Márta 2026.

Gnéithe de chaiteachas taighde a thuairiscítear sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite seo arna maoiniú ag na gníomhaireachtaí seo a leanas:

Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin




An Rannóg Seirbhísí Airgeadais

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath,
Ollscoil Átha Cliath
5 Faiche an Choláiste
Baile  Átha Cliath 2
Éire

T 01 896 1000
Ríomhphost
financial.services@tcd.ie


Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le Rannóg na Seirbhísí Airgeadais na hOllscoile le do thoil

## Tuarascáil arna tíolacadh do Thithe an Oireachtais

## Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2025, mar a éilítear faoi Acht na nOllscoileanna, 1997. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hioncam cuimsitheach
- ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar athruithe sa chúlchiste
- ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas comhdhlúite maidir le sreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais a ullmhaíodh léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile amhail an 30 Meán Fómhair 2025 agus ar ioncam agus ar chaiteachas na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile don bhliain dar chríoch ar an dáta sin de réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais (FRS) 102 *An Caighdeán Tuairiscíochta Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.*

### *Bunús Tuairime*

Thug mé faoin iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Ollscoil agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam leordhóthanach agus oiriúnach chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas faisnéis atá sna ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an Ollscoil chomh maith leis na ráitis airgeadais. Tá sin comhdhéanta de thuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais, an ráiteas ar fhreagrachtaí, an ráiteas ar rialachas agus ar rialú inmheánach agus sceideal ina léirítear bainistiú agus cuntasacht deontas ó chistí Státchiste.

Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh maidir le faisnéis den chineál sin agus ar nithe áirithe eile a dtuairiscím trí eisceacht.

### *Gearríocaíocht chánach*

Nochtar sa ráiteas ar rialú inmheánach go ndearna an Ollscoil nochtadh ar bhonn deonach do na Coimisinéirí Ioncaim i mí an Mheithimh, 2024, maidir le dliteanas i leith gearríocaíocht CBL agus gur íoc an Ollscoil €922,000 i leith an dliteanais sin, lena n-áirítear ús €178,000 agus pionóis €21,000. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim deireadh leis an gceist i mí Iúil 2025.

## Tuarascáil an C&AG (ar lean)

Nochtar sa ráiteas ar rialú inmheánach freisin gur íocadh €77,000 (lena n-áirítear ús €6,000) leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2025 maidir le gearríocaíocht i leith cánacha párolla a bhain le sochair chomhchineáil i dtaca le cóiríocht foirne a chuir an Ollscoil ar fáil le linn na mblianta ó 2021 go 2025. Tá an Ollscoil ag fanacht nó go dtabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an cheist seo chun críche. Go dtí seo, rinne an Ollscoil cuid den cháin ghearríoctha a aisghabháil ó na daoine aonair a bhain leas as an gcóiríocht.

Cuir an Ollscoil in iúl go bhfuil bearta ceartaitheacha curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh cánach a chinntiú.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**30 Márta 2026**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Bhaill an Bhoird

Tá baill an Bhoird freagrach as an méid seo a leanas

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú ar an modh atá leagtha amach faoi Acht na nOllscoileanna 1997
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus,
- rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, ráitis airgeadais na hOllscoile a iniúchadh agus tuairisciú ina leith chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhú réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is cinnteacht ag ardleibhéal atá i gceist le cinnteacht réasúnta, ach ní dearbhú é sin go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna aon mhíráiteas ábhartha má bhíonn a leithéid i gceist ann. Is féidir le míráitis teacht chun cinn de bharr calaoise nó earráide agus breithnítear gur míráitis ábhartha atá i gceist, astu féin nó go comhiomlán, más rud é go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta a ghlacfadh úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaois nó earráid, a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach nach bhfuil chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaí ábhartha a mheas.
- Déanaim cinneadh faoi oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hOllscoile leanúint de bheith ina gnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí ábhartha atá sna ráitis airgeadais, nó mura leor nochtaí dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh sé tarlú go gcaithfeadh an Ollscoil stopadh lena bheith ina gnóthas leantach de bharr imeachtaí nó coinníollacha amach anseo áfach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus cé acu a léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach lena gcinntítear cur i láthair cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le, i measc ábhair eile, scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh faighte agam, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá de sé cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, lena linn sin, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má fhaighim aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid poiblí chun na críocha a bhí beartaithe nó sa chás nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.